

# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

L 31



An t-eagrán Gaeilge

## Reachtaíocht

Imleabhar 65

14 Feabhra 2022

Clár

### II Gnáomhartha neamhreachtacha

#### RIALACHÁIN

- |  |    |
|--|----|
| ★ Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/192 ón gCoimisiún an 20 Deireadh Fómhair 2021 lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1151/2014 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann leis an bhfaisnéis nach mór fógra a thabhairt ina leith agus an ceart bunaíochta agus an tsaoirse chun seirbhísí a chur ar fáil á bhfeidhmiú (¹) .....  | 1  |
| ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/193 ón gCoimisiún an 17 Samhain 2021 lena leasaítear na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 926/2014 lena leagtar síos foirmeacha, teimpléid agus nósanna imeachta caighdeánacha maidir leis an bhfaisnéis a bhfuil fógra le tabhairt ina leith agus an ceart bunaíochta agus an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar á bhfeidhmiú (¹) .....                     | 4  |
| ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/194 ón gCoimisiún an 10 Feabhra 2022 lena leasaítear larscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 maidir leis na hiontrálacha a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe ar liosta tríú tiortha atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith clóis, de thárgí geirmearcha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus d'éin ghéim a theacht isteach san Aontas (¹) ..... | 21 |
| ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/195 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2022 lena leasaítear agus lena gceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 a mhéid a bhaineann leis an doiciméad faisnéise, na deimhnithe ar cheadú feithicle, an bhileog torthaí táistála agus na deimhnithe comhréireachta i bhformáid pháipéir (¹) .....   | 27 |
| ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/196 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2022 lena n-údaraítear leathnú úsáide agus athrú sonraíochtaí i leith giosta aráin ( <i>Saccharomyces cerevisiae</i> ) cóireáilte le UV mar bhia núíosach faoi Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún (¹) ...   | 46 |

(¹) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

## CINNTÍ

- |   |    |
|---|----|
| ★ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/197 ón gCoimisiún an 17 Eanáir 2022 lena leagtar síos marcóir coiteann fioscach le haghaidh gás-olaí agus ceirisín ( <i>a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 74</i> ) .....  | 52 |
| ★ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/198 ón gCoimisiún an 9 Feabhra 2022 lena leasaítear an larscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe ( <i>a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022)890</i> ) (^) | 56 |

---

(^) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

## II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

## RIALACHÁIN

## RIALACHÁIN TARMLIGTHE (AE) 2022/192 ÓN gCOIMISIÚN

an 20 Deireadh Fómhair 2021

lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1151/2014 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann leis an bhfaisnéis nach mór fógra a thabhairt ina leith agus an ceart bunaíochta agus an tsaoirse chun seirbhísí a chur ar fáil á bhfeidhmiú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhafocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíocha, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE<sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 35(5), Airteagal 36(5) agus Airteagal 39(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1151/2014 ón gCoimisiún<sup>(2)</sup> sonraítear an fhaisnéis nach mór d'institiúidí creidmheasa fógra a thabhairt ina leith agus an ceart bunaíochta agus an tsaoirse seirbhísí a chur ar fáil á gcleachtadh.
- (2) Chun cóineasú a chothú i gcleachtas mheasúnaithe na n-údarás inniúil ar an bhfógra a chuireann institiúidí creidmheasa isteach, ba cheart mionsonrú breise a dhéanamh ar an bhfaisnéis a shonraítear i Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1151/2014. Ina theannta sin, ní mór tagairtí áirithe do ghníomhartha dlí a thabhairt cothrom le dáta chun deimhneacht dhlíthiúil a áirití.
- (3) Ba cheart an fhaisnéis a chuireann institiúid chreidmheasa isteach i bhfógra pas brainse a bheith mionsonraithe go leor chun a áirití go bhféadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit baile measúnú cruinn cuimsitheach a dhéanamh ar acmhainneacht na hinstiúide na gníomhaíochtaí a dhéanamh a gcuirtear an fógra pas isteach ina leith. Chun na críche sin, ba cheart a lua san fhaisnéis a chuirtear ar fáil dáta tosaigh beartaithe gach gníomhaíochta seachas díreach dáta tosaigh beartaithe na bpriomhgníomhaíochtaí gnó amháin. Ar an gcaoi chéanna, sa phlean airgeadais ina mbeidh réamhaisnéisí ar chlár comhardaithe agus ar chuntas brabúis agus cailleanais lena gcumhdaítear tréimhse 3 bliana, ba cheart na toimhdi foluiteacha a chuimsiú.
- (4) D'fhoill méadú a dhéanamh ar éifeachtúlacht shainaithint na hinstiúide creidmheasa sa chumarsáid idir údarás inniúla an Bhallstáit baile nó an Bhallstáit is óstach nó sa chumarsáid idir an Ballstát is óstach agus an institiúid chreidmheasa i gceist, ba cheart, leis an bhfaisnéis a chuireann an institiúid chreidmheasa ar fáil do na húdarás inniúla, cód tagartha náisiúnta agus Aitheantóir Eintitis Dhítheanaigh na hinstiúide creidmheasa a léiriú, i gcás ina bhfuil an méid sin ar fáil.

<sup>(1)</sup> IO L 176, 27.6.2013, lch. 338.<sup>(2)</sup> Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1151/2014 ón gCoimisiún an 4 Meitheamh 2014 lena bhforlontar Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeán theicniúla rialála maidir leis an bhfaisnéis a mbeidh fógra le tabhairt ina leith agus an ceart bunaíochta agus an tsaoirse chun seirbhísí a chur ar fáil á gcleachtadh (IO L 309, 30.10.2014, lch. 1).

- (5) Tá sé tábhachtach sábháilteacht taiscí a áirithiú agus feabhas a bheith ag teacht le deimhneacht dhlíthiúil agus iontaofach fhíorasach na fainseise airgeadais a chuireann an institiúid chreidmheasa ar fáil do na húdaráis inniúla. Dá bharr sin, ní mór don institiúid chreidmheasa sin, agus teachtaireacht á cur isteach aici maidir le foirceannadh brainse atá beartaithe, fógra a thabhairt don údarás inniúil faoi na bearta a tógadh nó atá á dtóigáil chun a áirithiú nach gcoinneoidh an institiúid chreidmheasa taiscí nó cistí inaísiochta ón bpobal tríd an mbrainse tar éis di an brainse sin a fhoirceannadh.
- (6) Ba cheart an fógra pas brainse a bheith mionsonraithe go leor chun a áirithiú go bhféadfaidh údarás inniúil an Bhallstát baile measúnú cruinn cuimsitheach a dhéanamh ar acmhainneacht na hinstiúide na gníomhaíochtaí a dhéanamh a gcuirtear an fógra pas isteach ina leith. Ba cheart a lua san fhaisnéis a chuirear ar fáil, dá bhrí sin, dáta tosaigh beartaithe gach gníomhaíochta seachas díreach dáta tosaigh beartaithe na bpríomhghníomhaíochtaí gnó.
- (7) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1151/2014 a leasú dá réir sin.
- (8) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeán theicniúla rialála a chuir an tÚdarás Baincéireachta Eorpach faoi bhráid an Choimisiúin.
- (9) Rinne an tÚdarás Baincéireachta Eorpach comhairliúcháin phoiblí oscailte a reáchtáil maidir leis na dréachtachaighdeán theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé analís ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí Baincéireachta arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (\*),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

#### Airteagal 1

#### **Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1151/2014**

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1151/2014 mar a leanas:

- (1) leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:
- (a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):
    - “(a) ainm agus seoladh na hinstiúide creidmheasa agus príomhionad beartaithe gnó an bhrainse;”;
  - (b) leasaítear mír 2 mar a leanas:
    - (i) i bpoinnte (a), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (ii) agus phointe (iii):
      - “(ii) liosta de na gníomhaíochtaí in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2013/36/AE a bhfuil sé beartaithe ag an institiúid a dhéanamh sa Bhallstát is óstach, lena n-áirítear an dáta tosaigh atá beartaithe le haghaidh gach gníomhaíochta agus é chomh cruinn agus is féidir, agus, i gcás ina scoirtear de ghníomhaíochtaí, liosta de na gníomhaíochtaí a scoirtear diobh;
      - “(iii) liosta de na gníomhaíochtaí a bheidh ina bpríomhgnó sa Bhallstát is óstach;”;
    - (ii) i bpoinnte (b), leasaítear pointe (iii) mar a leanas:
      - cuirtear an méid seo a leanas in ionad na focláiochta tosaigh:
        - “(iii) i gcás ina meastar go soláthróidh an brainse ceann amháin nó níos mó de na seirbhísí infheistíochta nó ina ndéanfaidh sé ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí infheistíochta a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (2), de Threoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (\*), tuairisc ar na socrúithe seo a leanas:”

(\*) Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margáí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349).”;

(\*) Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

— cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fleasc:

“— na socruithe maidir le comhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar síos in Airteagail 24 go 28 de Threoir 2014/65/AE agus na bearta arna nglacadh dá mbun ag údaráis inniúla ábhartha an Bhallstáit is óstach;”;

(iii) i bpointe (d), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i):

“(i) plean airgeadais ina mbeidh réamhaisnéisí ar chlár comhardaithe agus ar chuntas brabúis agus cailleánais lena gcumhdaítear tréimhse 3 bliana, ina mbeidh na toimhdí foluiteacha;”;

(2) cuirtear pointe (d) a leanas le hAirteagal 4(2):

“(d) i gcás ina dtógann an brainse taiscí agus cistí inaisíoctha eile, nó inar thóg sé iad, agus é ag feidhmiú a ghníomhaíochtaí, ráiteas ón institiúid chreidmheasa ina liostaítear na bearta a rinneadh nó a dhéantar lena áirithíú nach gcoinneodh an institiúid chreidmheasa taiscí nó cistí inaisíoctha ón bpobal tríd an mbrainse tar éis fhoircéannadh an bhrainse sin.”;

(3) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

“(c) an dáta tosaithe atá beartaithe, a chruinne is féidir, le haghaidh gach gníomhaíochta a bhfuil sé beartaithe ag an institiúid a dhéanamh.”.

## Airteagal 2

### **Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 20 Deireadh Fómhair 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*

*An tUachtarán*

Ursula VON DER LEYEN

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/193 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 17 Samhain 2021**

**lena leasaítear na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 926/2014 lena leagtar síos foirmeacha, teimpléid agus nósanna imeachta caighdeánacha maidir leis an bhfainsnéis a bhfuil fógra le tabhairt ina leith agus an ceart bunaíochta agus an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar á bhfeidhmiú**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnóláchtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (¹), agus go háirithe Airteagal 35(6), Airteagal 36(6) agus Airteagal 39(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 926/2014 ón gCoimisiún (²) na foirmeacha, na teimpléid agus na nósanna imeachta caighdeánacha le haghaidh fógraí maidir leis an gceart bunaíochta a fheidhmiú agus leis an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar ag institiúidí creidmheasa.
- (2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/192 ón gCoimisiún (³) tá ceanglais nua faisinéise tugtha isteach i Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1151/2014 ón gCoimisiún (⁴). Ba cheart na ceanglais nua faisinéise sin a léiriú i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 926/2014, agus ba cheart na foirmeacha caighdeánacha agus na teimpléid chaighdeánacha a leagtar síos sna hlarscívbhinní a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin a thabhairt cothrom le dáta dá réir. Thairis sin, ba cheart tagairtí dlíthiúla áirithe i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 926/2014 a nuashonrú chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú.
- (3) Is gá feabhas a chur ar an tsoiléireacht i gcumarsáid an bhrainse maidir le pasanna. Ba cheart a shonrú, dá bhrí sin, go n-iarrfar an fhaisnéis is déanaí atá ar fáil maidir le cistí dílse ar leibhéal tuairiscithe aonair agus ar leibhéal tuairiscithe comhdhlúite na hinstiúide creidmheasa, i gcás inarb infheidhme agus i gcás ina bhfuil faisinéis ar an leibhéal comhdhlúite ar fáil d'údarás inniúil an Bhallstáit baile.
- (4) Tá sé tábhachtach sábháilteacht taiscí a áirithiú agus deimhneacht fhíorasach agus iontaofacht na faisinéise airgeadais a sholáthraíonn an institiúid chreidmheasa a fheabhsú. Tá sé riachtanach, dá bhrí sin, go dtabharfaidh an institiúid creidmheasa fógra dá húdarás inniúil maidir le foirceannadh beartaithe ar oibriú brainse. Ba cheart go leagfá amach san fhógra sin na bearta atá déanta, nó atá á ndéanamh, chun a áirithiú nach mbeidh taiscí ná cistí inaisíochta eile ón bpobal ina seilbh ag an mbrainse a thuilleadh tar éis fhoirceannadh oibriú an bhrainse sin.
- (5) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 926/2014 a leasú dá réir.
- (6) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin ag an Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE).

(¹) IO L 176, 27.6.2013, lch. 338.

(²) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 926/2014 ón gCoimisiún an 27 Lúnasa 2014 lena leagtar síos caighdeán theicniúla cur chun feidhme maidir le foirmeacha, teimpléid agus nósanna imeachta caighdeánacha le haghaidh fógraí maidir leis an gceart bunaíochta a fheidhmiú agus leis an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar i gcomhréir le Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 254, 28.8.2014, lch. 2).

(³) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/192 ón gCoimisiún an 20 Deireadh Fómhair 2021 lena leasaítear na caighdeán theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1151/2014 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le caighdeán theicniúla rialála maidir leis an bhfainsnéis nach mór fógra a thabhairt ina leith agus an ceart bunaíochta agus an tsaoirse chun seirbhísí a chur ar fáil á bhfeidhmiú (féach leathanach 1 den Iris Oifigiúil seo).

(⁴) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1151/2014 ón gCoimisiún an 4 Meitheamh 2014 lena bhforlontar Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeán theicniúla rialála maidir leis an bhfainsnéis a mbeidh fógra le tabhairt ina leith agus an ceart bunaíochta agus an tsaoirse chun seirbhísí a chur ar fáil á gcleachtadh (IO L 309, 30.10.2014, lch. 1).

- (7) Tá comhairliúchán phoiblí oscailte déanta ag ÚBE maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, tá anailís déanta aige ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo ann agus d'iarr sé comhairle ón nGrúpa Geallsealbhóirí Baincéireachta arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (⁹),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

### Airteagal 1

#### **Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 926/2014**

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 926/2014 mar a leanas:

- (1) in Airteagal 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Bainfidh údaráis inniúla an Bhallstáit baile úsáid as an bhfoirm a leagtar síos in Iarscríbhinn II chun fógra pas brainse a chur in iúl d'údaráis inniúla an Bhallstáit óstaigh in éineacht le cóip den fhógra pas brainse agus leis an bhfaisnéis is déanaí atá ar fáil maidir le cistí dílse agus an fhoirm atá leagtha síos in Iarscríbhinn III á húsáid acu. Tabharfar fógra faoin bhfaisnéis is déanaí atá ar fáil maidir le cistí dílse na hinstiúide creidmheasa a chuireann isteach an fógra pas ar an leibhéal aonair agus ar an leibhéal comhdhlúite araon chuig údarás inniúil an Bhallstáit baile, i gcás inarb infheidhme agus ina bhfuil sí ar fáil.”;

- (2) in Airteagal 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Bainfidh instiúidí creidmheasa úsáid as an bhfoirm atá leagtha síos in Iarscríbhinn IV chun fógra a thabhairt faoi athrú a bhaineann le foircéannadh beartaithe ar oibriú an bhrainse. I gcás ina dtógann brainse instiúide creidmheasa taiscí agus cistí inaisíochta eile, nó inar thóg sé iad, cuirfidh an instiúid creidmheasa lena mbaineann ráiteas ina liostaítear na bearta a rinneadh nó atá á ndéanamh chun a áiritíú nach gcoinneoidh an instiúid creidmheasa taiscí nó cistí inaisíochta ón bpobal tríd an mbrainse tar éis fhoircéannadh an bhrainse sin.”;

- (3) Cuirtear an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinní I go VI.

### Airteagal 2

#### **Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 17 Samhain 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin  
An tUachtarán  
Ursula VON DER LEYEN*

---

⁹) Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

## IARSCRÍBHINN

## "IARSCRÍBHINN I

**Foirm chun fógra pas brainse nó fógra maidir le hathrú ar shonraí brainse a chur isteach**

I gcás ina dtugann institiúidí creidmheasa fógra d'údaráis inniúla na mBallstát baile agus na mBallstát óstach maidir le hathruithe ar shonraí brainse, ní chomhlánóidh institiúidí creidmheasa ach na codanna den fhoirm ina bhfuil an fhaisnéis atá athraithe.

1. **Sonraí teagmhála**

An cineál fógra	<input type="checkbox"/> Fógra tosaigh maidir le pas brainse <input type="checkbox"/> Fógra maidir le hathrú ar shonraí brainse
An Ballstát óstach ina bhfuil an brainse le bunú:	[le comhlánú ag an institiúid creidmheasa]
Ainm agus cód tagartha náisiúnta na hinstiúide creidmheasa mar atá ar fáil i gclár na hinstiúide creidmheasa arna choimeád ag an Údarás Baincéireachta Eorpach:	[le comhlánú ag an institiúid creidmheasa]
LEI na hinstiúide creidmheasa:	[le comhlánú ag an institiúid creidmheasa]
Seoladh na hinstiúide creidmheasa sa Bhallstát óstach óna bhféadfar doiciméid a fháil:	[le comhlánú ag an institiúid creidmheasa]
An phríomháit ghnó atá beartaithe don bhrainse sa Bhallstát óstach:	[le comhlánú ag an institiúid creidmheasa]
An dáta a bhfuil sé beartaithe ag an mbrainse a ghníomhaíochtaí a thosú:	[le comhlánú ag an institiúid creidmheasa]
Ainm an teagmhálaí sa bhrainse:	[le comhlánú ag an institiúid creidmheasa]
Uimhir theileafóin:	[le comhlánú ag an institiúid creidmheasa]
Ríomhphost:	[le comhlánú ag an institiúid creidmheasa]

2. **Clár oibríochtaí**2.1. **Na cineálacha gnó atá beartaithe**

2.1.1. Tuairisc ar phríomhchuspóirí agus ar straitéis ghnó an bhrainse agus míniú ar an gcaoi a rannchuideoidh an brainse le straitéis na hinstiúide agus, i gcás inarb infheidhme, le straitéis a grúpa

[le comhlánú ag an institiúid creidmheasa]

2.1.2. Tuairisc ar na sprioc-chustaiméirí agus ar na sprioc-chontrapháirtithe

[le comhlánú ag an institiúid creidmheasa]

- 2.1.3. Liosta de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2013/36/AE a bhfuil sé beartaithe ag an institiúid creidmheasa iad a dhéanamh sa Bhallstát óstach mar aon le léiriú ar na gníomhaíochtaí a bheidh ina bpriomhghnó sa Bhallstát óstach, lena n-áirítear an dáta tosaigh atá beartaithe do gach gníomhaíocht (chomh cruiinn agus is féidir).

Uimh.	Gníomhaíocht	Gníomhaíochtaí a bhfuil sé beartaithe ag an institiúid creidmheasa tosú ar iad a chur i gcrích (lín isteach le 'S')/nó scor dá gcur i gcrích (lín isteach le 'C')	Gníomhaíochtaí arb é a bheidh iontu an príomhghnó	An dáta tosaigh beartaithe nó dáta scoir beartaithe do gach gníomhaíocht
1.	Taiscí agus cistí inaisíochta eile a ghlacadh			
2.	Iasachtú lena n-áirítear, <i>inter alia</i> : creidmheas tomholtóirí, comhaontuithe creidmheasa maidir le maoin dhochorraithe, factóireacht, bíodh iontaoibh i gceist nó ná bíodh, maoiniú idirbheart tráchtala (lena n-áirítear forghéilleadh);			
3.	Léasú airgeadais			
4.	Seirbhísí íocaíochta mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4, pointe (3) de Threoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (¹)			
4a.	Seirbhísí lenar féidir airgead a chur i gcuntas íocaíochta chomh maith leis na hoibríochtaí go léir atá ag teastáil chun cuntas íocaíochta a fheidhmiú			
4b.	Seirbhísí lenar féidir aistarraingtí airgid a dhéanamh ó chuntas íocaíochta chomh maith leis na hoibríochtaí go léir atá ag teastáil chun cuntas íocaíochta a fheidhmiú			
4c.	Idirbhearta íocaíochta a fhorgniomhú, lena n-áirítear aistrithe cistí ar chuntas íocaíochta le soláthraí seirbhísí íocaíochta an úsáideora nó le soláthraí seirbhísí focaíochta eile: — dochair dhíreacha a fhorgniomhú, lena n-áirítear dochair dhíreacha aon-uaire — idirbhearta íocaíochta a fhorgniomhú trí chárta íocaíochta nó trí ghléas dá shamhail — aistrithe creidmheasa a fhorgniomhú, lena n-áirítear buanorduithe			
4d. *	Idirbhearta íocaíochta a fhorgniomhú i gcás ina gcumhdaítear na cistí faoi líne chreidmheasa d'úsáideoir seirbhísí íocaíochta: — dochair dhíreacha a fhorgniomhú, lena n-áirítear dochair dhíreacha aon-uaire			

	<ul style="list-style-type: none"> <li>— idirbhearta íocaíochta a fhorghníomhú trí chárta íocaíochta nó trí ghléas dá shamhail</li> <li>— aistrithe creidmheasa a fhorghníomhú, lena n-áirítear buanorduithe</li> </ul>			
4e. **	<ul style="list-style-type: none"> <li>— Ionstraimí íocaíochta a eisiúint</li> <li>— Idirbhearta íocaíochta a fháil</li> </ul>			
4f.	Seoltán airgid			
4g.	Seirbhísí tionscanta íocaíochta			
4h.	Seirbhísí faisnéise cuntas			
5.	Modhanna eile íocaíochta a eisiúint agus a riár (e.g. seiceanna taistil agus dréachtaí baincéireachta) sa mhéid nach dtagann gníomhaíocht den sórt sin faoi phointe 4.			
6.	Ráthaíochtaí agus gealltanais			
7.	Trádáil dilseánaigh nó trádáil do chuntas custaiméirí in aon cheann de na nithe seo a leanas:			
7a.	<ul style="list-style-type: none"> <li>— Ionstraimí margaidh airgid (e.g. seiceanna, billí, deimhnithe taisce)</li> </ul>			
7b.	<ul style="list-style-type: none"> <li>— Malaírt eachtrach</li> </ul>			
7c.	<ul style="list-style-type: none"> <li>— Todhchaíochtaí agus roghanna airgeadais</li> </ul>			
7d.	<ul style="list-style-type: none"> <li>— Ionstraimí malaírt agus ionstraimí rátaí úis</li> </ul>			
7e.	<ul style="list-style-type: none"> <li>— Urrúis inaistrithe;</li> </ul>			
8.	Rannpháirtíocht in eisiúintí urrús agus soláthar seirbhísí a bhaineann le saincheisteanna den sórt sin			
9.	Comhairle do ghnóthais maidir le struchtúr caipitil, straitéis thionsclaíoch agus ceisteanna gaolmhara agus comhairle mar aon le seirbhísí a bhaineann le cumaisc agus ceannach gnóthas			
10.	Bróicéireacht airgid			
11.	Bainistíocht punainne agus comhairle			
12.	Urrúis a chumhdach agus a riár			
13.	Seirbhísí teistiméireachta creidmheasa;			
14.	Seirbhísí slánchumhdaigh			
15.	Eisiúint airgid leictreonaigh			

(<sup>1</sup>) Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmhéanach (IO L 337, 23.12.2015, lch. 35).

\* An áirítear deonú creidmheasa i gcomhréir le hAirteagal 18(4) de Threoir (AE) 2015/2366 leis an ngníomhaíocht dá dtagraítear i bpointe 4d?

áirítear  ní áirítear

\*\* An áirítear deonú creidmheasa i gcomhréir le hAirteagal 18(4) de Threoir (AE) 2015/2366 leis an ngníomhaíocht dá dtagraítear i bpointe 4e?

áirítear  ní áirítear

2.1.4. Liosta na seirbhísí agus na ngníomhaíochtaí a bhfuil sé beartaithe ag an institiúid creidmheasa a dhéanamh sa Bhallstát baile, agus dá bhforáltear i Roinn A agus Roinn B d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (<sup>1</sup>), nuair a dhéantar tagairt do na hionstraimí airgeadais dá bhforáltear i Roinn C d'Iarscríbhinn I den Treoir sin

Ionstraimí airgeadais	Seirbhísí agus gníomhaíochtaí infheistíochta									Seirbhísí coimhdeacha						
	A 1	A 2	A 3	A 4	A 5	A 6	A 7	A 8	A9	B 1	B 2	B 3	B 4	B 5	B 6	B 7
C1																
C2																
C3																
C4																
C5																
C6																
C7																
C8																
C9																
C10																
C11																

Nóta 1:

Tagairtí don roinn agus do na huimhreacha ítime in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/65/AE atá i gceannteidil rónna agus colún (e.g. Tagraíonn A1 do phointe 1 de Chuid A d'Iarscríbhinn I)

## 2.2. Eagrúchán struchtúrach an bhrainse

2.2.1. Tuairisc ar eagrúchán struchtúrach an bhrainse, lena n-áirítear línte tuairiscithe feidhmiúla agus dlíthiúla agus suíomh agus ról an bhrainse laistigh de struchtúr corporáideach na hinstiúide agus, i gcás inarb infsheidhme, de struchtúr corporáideach a grúpa

[le comhlánú ag an institiúid creidmheasa]

Féadfar tacú leis an tuairisc le doiciméid ábhartha, amhail cairt eagraíochtaíl

(<sup>1</sup>) Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margáí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349).

2.2.2. Tuairisc ar na socruithe rialachais agus sásraí inmheánacha rialúcháin an bhrainse, lena n-áirítear an fhaisnéis seo a leanas:

2.2.2.1. Nósanna imeachta bainistithe riosca an bhrainse agus sonraí maidir le bainistiú priacail leachtachta na hinstítíuide, agus i gcás inarb infheidhme, maidir le bainistiú priacail leachtachta a grúpa

*[le comhlánú ag an institiúid creidmheasa]*

2.2.2.2. Aon teorainn a bhfuil feidhm aici maidir le gníomhaíochtaí an bhrainse, go háirithe maidir lena ghníomhaíochtaíiasachtaithe

*[le comhlánú ag an institiúid creidmheasa]*

2.2.2.3. Mionsonraí faoi shocruithe inmheánacha iniúchóireachta an bhrainse, lena n-áirítear sonraí an duine atá freagrach as na socruithe sin agus, i gcás inarb infheidhme, mionsonraí an iniúchóra sheachtraigh

*[le comhlánú ag an institiúid creidmheasa]*

2.2.2.4. Socruite an bhrainse in aghaidh sciúradh airgid lena n-áirítear sonraí an duine a cheapfar chun comhlíonadh na socruite sin a áirithiú

*[le comhlánú ag an institiúid creidmheasa]*

2.2.2.5. Rialuithe ar sheachfhoinsiu agus socruite eile le tríu páirtithe i dtaca leis na gníomhaíochtaí a dhéantar sa bhrainse atá cumhdaithe ag údarú na hinstítíuide

*[le comhlánú ag an institiúid creidmheasa]*

2.2.3. I gcás ina bhfuiltear ag súil go ndéanfaidh an brainse ceann amháin nó níos mó de na seirbhísí infheistíochta agus na gníomhaíochtaí a shainmhínítear in'Airteagal 4(1), pointe, de Threoir 2014/65/AE, tuairisc ar na socruite seo a leanas:

2.2.3.1. Socruite chun airgead agus sócmhainní cliant a chosaint

*[le comhlánú ag an institiúid creidmheasa]*

2.2.3.2. Na socruite maidir le comhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar síos in Airteagail 24, 25, 27 agus 28 de Threoir 2014/65/AE agus na bearta arna nglacadh dá mbun ag údaráis inniúla ábhartha an Bhallstáit is óstach

*[le comhlánú ag an institiúid creidmheasa]*

- 2.2.3.3. Cód iompair inmheánach lena n-áirítear rialuithe ar dhéileáil cuntas pearsanta

*[le comhlánú ag an institiúid creidmheasa]*

- 2.2.3.4. Sonraí an duine atá freagrach as déileáil le gearáin maidir le seirbhísí infheistíochta agus gníomhaíochtaí an bhrainse

*[le comhlánú ag an institiúid creidmheasa]*

- 2.2.3.5. Sonraí an duine atá ceaptha chun comhlónadh socruithe an bhrainse maidir le seirbhísí agus gníomhaíochtaí infheistíochta a áirithíú

*[le comhlánú ag an institiúid creidmheasa]*

- 2.2.4. Sonraí maidir le taithí ghairmiúil na ndaoine atá freagrach as bainistiú an bhrainse

*[le comhlánú ag an institiúid creidmheasa]*

2.3. *Faisnéis eile*

- 2.3.1. Plean airgeadais ina mbeidh réamhaisnéisí ar chlár comhardaithe agus ar chuntas brabúis agus cailteanas lena gcumhdaítear tréimhse trí bliana, ina mbeidh na toimhdí foluiteacha

*[le comhlánú ag an institiúid creidmheasa]*

*Is féidir an fhaisnéis sin a sholáthar mar cheangaltán a ghabhann leis an bhfógra*

- 2.3.2. Ainm agus sonraí teagmhála scéimeanna ráthaíochta taiscí an Aontais agus scéimeanna cosanta infheisteoirí sa Bhallstát a bhfuil an institiúid ina ball de agus a chumhdaíonn gníomhaíochtaí agus seirbhísí an bhrainse, mar aon le cumhdach uasta na scéime cosanta infheisteoirí

*[le comhlánú ag an institiúid creidmheasa]*

- 2.3.3. Sonraí shocruithe TF an bhrainse

*[le comhlánú ag an institiúid creidmheasa]*

**IARSCRÍBHINN II****Foirm chun fógra pas brainse a chur in iúl**

Údaráis inniúla an Bhallstát baile

Ainm na roinne ábhartha:

Seoladh ríomhphoist ginearálta na roinne ábhartha (más ann dó);

Ainm an duine teagmhála:

Uimhir theileafóin:

Ríomhphost:

Seoladh údaráis inniúla an Bhallstát óstaigh:

[Dáta]

**Tagairt:**

**Cumarsáid maidir le fógra pas brainse**

Beidh an fhaisnéis seo a leanas sa chumarsáid:

- ainm agus cód tagartha náisiúnta na hinstiúide creidmheasa mar atá ar fáil i gclár na hinstiúide creidmheasa arna choimeád ag ÚBE;
- LEI na hinstiúide creidmheasa;
- údaráis inniúla atá freagrach as údarú na hinstiúide creidmheasa agus as maoir-seacht uirthi;
- ráiteas maidir le rún na hinstiúide creidmheasa gníomhaíochtaí a dhéanamh i gcríoch an Bhallstát óstaigh, lena n-áirítear an dáta a bhfaightear an fógra faoi phas brainse ina bhfuil faisnéis a mheastar a bheith iomlán agus ceart;
- ainm agus sonraí teagmhála na ndaoine atá freagrach as bainistiú an bhrainse;
- ainm agus sonraí teagmhála scéimeanna rátháiochta taiscí an Aontais agus scéimeanna cosanta infheisteoirí an Aontais a bhfuil an institiúid ina ball díobh agus lena gcumhdaítear gníomhaíochtaí agus seirbhísí an bhrainse.]

[Sonraí teagmhála]

## IARSCRÍBHINN III

**Foirm chun méid agus comhdhéanamh na gcistí dílse agus na gceanglas cistí dílse a chur in iúl**

1. **Méid agus comhdhéanamh na gcistí dílse ar an leibhéal aonair agus comhdhlúite (más infheidhme agus nuair atá siad ar fáil)**

**Ainm na hinstituíde creidmheasa:** \_\_\_\_\_

**Dáta tagartha (Leibhéal aonair):** \_\_\_\_\_

**Dáta tagartha (Leibhéal comhdhlúite – i gcás inarb infheidhme agus ina bhfuil sé ar fáil):** \_\_\_\_\_

Mír	Leibhéal aonair Méid (ina mhilliúin EUR)	Leibhéal comhdhlúite (i gcás inarb infheidhme agus ina bhfuil sé ar fáil) Méid (ina mhilliúin EUR)
Tagairtí d'fhorálacha Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle atá sna tagairtí uile <sup>(1)</sup>		
<b>Cistí dílse</b>  Airteagail 4(1), pointe (118), agus Airteagal 72	[an dáta mar a tuairiscíodh é i ró 010 i dTeimpléad 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014 ón gCoimisiún <sup>(2)</sup> ]	[an dáta mar a tuairiscíodh é i ró 010 i dTeimpléad 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014]
<b>Caipiteal leibhéal 1</b>  Airteagal 25	[an dáta mar a tuairiscíodh é i ró 015 i dTeimpléad 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014]	[an dáta mar a tuairiscíodh é i ró 015 i dTeimpléad 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014]
<b>Caipiteal Ghnáth-chothromas Leibhéal 1</b>  Airteagal 50	[an dáta mar a tuairiscíodh é i ró 020 i dTeimpléad 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014]	[an dáta mar a tuairiscíodh é i ró 020 i dTeimpléad 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014]
<b>Caipiteal Breise Leibhéal 1</b>  Airteagal 61	[an dáta mar a tuairiscíodh é i ró 530 i dTeimpléad 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014]	[an dáta mar a tuairiscíodh é i ró 530 i dTeimpléad 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014]
<b>Caipiteal leibhéal 2</b>  Airteagal 71	[an dáta mar a tuairiscíodh é i ró 750 i dTeimpléad 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014]	[an dáta mar a tuairiscíodh é i ró 750 i dTeimpléad 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014]

(1) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglaíocht stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

(2) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014 ón gCoimisiún an 16 Aibreán 2014 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme maidir le tuairisciú maoirseachta institiúidí de réir Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 191, 28.6.2014, lch. 1).

## 2. Ceanglais cistí dílse

Ainnm na hinstitiúide creidmheasa: \_\_\_\_\_

Dáta tagartha (Leibhéal aonair): \_\_\_\_\_

Dáta tagartha (Leibhéal comhdhlúite – i gcás inarb infheidhme agus ina bhfuil sé ar fáil):  
\_\_\_\_\_

Mír	Leibhéal aonair <b>Méid</b> (ina mhilliúin EUR)	Leibhéal comhdhlúite (i gcás inarb infheidhme agus ina bhfuil sé ar fáil) <b>Méid</b> (ina mhilliúin EUR)
Tagairtí d'fhorálacha Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 atá sna tagairtí uile.	[an dáta mar a tuairiscíodh é i ró 010 i dTeimpléad 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014]	[an dáta mar a tuairiscíodh é i ró 010 i dTeimpléad 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014]
<b>Méid iomlán na ris-íochta ar phriacal</b> Airteagail 92(3), 95, 96 agus 98.	[an dáta mar a tuairiscíodh é i ró 040 i dTeimpléad 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014]	[an dáta mar a tuairiscíodh é i ró 040 i dTeimpléad 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014]
<b>Méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail le haghaidh creidmheasa, creidmheas contrapháirtí agus priacail chaolúcháin agus seachadtaí saor in aisce</b> Airteagal 92(3), pointe (a) agus pointe (f)	[an dáta mar a tuairiscíodh é i ró 490 i dTeimpléad 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014]	[an dáta mar a tuairiscíodh é i ró 490 i dTeimpléad 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014]
<b>Méid iomlán na ris-íochta ar phriacal maidir le socraíocht/ seachadadh</b> Airteagal 92(3), pointe (c) (ii), agus Airteagal 92(4), pointe (b)	[an dáta mar a tuairiscíodh é i ró 520 i dTeimpléad 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014]	[an dáta mar a tuairiscíodh é i ró 520 i dTeimpléad 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014]
<b>Méid iomlán na ris-íochta ar phriacal maidir le suíomh, mal-airt eachtrach agus priacail tráchttearraí</b> Airteagal 92(3), pointe (b)(i), pointe (c)(i) agus pointe (c)(iii), agus Airteagal 92(4), pointe (b)	[an dáta mar a tuairiscíodh é i ró 520 i dTeimpléad 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014]	[an dáta mar a tuairiscíodh é i ró 520 i dTeimpléad 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014]

<b>Méid iomlán na ris-íochta ar phriacal maidir le riosca oib-ríochtúil</b>	[an dáta mar a tuairiscíodh é i ró 590 i dTeimpléad 2 d'Ilarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014]	[an dáta mar a tuairiscíodh é i ró 590 i dTeimpléad 2 d'Ilarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014]
Airteagal 92(3), pointe (e), agus Airteagal 92(4), pointe (b)		
<b>Méid breise na ris-íochta ar phriacal mar gheall ar fhorchostais sheasta</b>	[an dáta mar a tuairiscíodh é i ró 630 i dTeimpléad 2 d'Ilarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014]	[an dáta mar a tuairiscíodh é i ró 630 i dTeimpléad 2 d'Ilarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014]
Airteagal 95(2), Airt-eagal 96(2), Airteagal 97 agus Airteagal 98(1), pointe (a)		
<b>Méid iomlán na ris-íochta ar phriacal maidir le coigeartú luachála creidmheasa</b>	[an dáta mar a tuairiscíodh é i ró 640 i dTeimpléad 2 d'Ilarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014]	[an dáta mar a tuairiscíodh é i ró 640 i dTeimpléad 2 d'Ilarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014]
Airteagal 92(3), pointe (d)		
<b>Méid iomlán na ris-íochta ar phriacal maidir le risíochtaí móra sa leabhar trádála</b>	[an dáta mar a tuairiscíodh é i ró 680 i dTeimpléad 2 d'Ilarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014]	[an dáta mar a tuairiscíodh é i ró 680 i dTeimpléad 2 d'Ilarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014]
Airteagal 92(3), pointe (b)(ii), agus Airteagail 395 go 401		
<b>Méideanna eile ris-íochta ar phriacal</b>	[an dáta mar a tuairiscíodh é i ró 690 i dTeimpléad 2 d'Ilarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014]	[an dáta mar a tuairiscíodh é i ró 690 i dTeimpléad 2 d'Ilarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014]
Airteagail 3, 458, 459 agus 500 agus méideanna risíochta ar phriacal nach féidir a shannadh do cheann de na hítimí eile ar an tábla seo		

## IARSCRÍBHINN IV

**Foirm maidir le fógra a thabhairt faoi athrú a bhaineann le foirceannadh beartaithe ar oibriú brainse**

Ainm an duine teagmhála san institiúid creidmheasa nó sa bhrainse:

Uimhir theileafóin:

Ríomhphost:

Seoladh údaráis inniúla an Bhallstáit baile:

Seoladh údaráis inniúla an Bhallstáit óstaigh:

[Dáta]

[Tagairt:]

**Athrú a chur isteach a bhaineann le foirceannadh beartaithe ar oibriú brainse**

[Beidh an fhaisnéis seo a leanas san fhógra:

- ainm agus cód tagartha náisiúnta na hinstituíde creidmheasa mar atá ar fáil i gclár na hinstituíde creidmheasa arna choimeád ag ÚBE;
- LEI na hinstituíde creidmheasa;
- ainm an bhrainse ar chríoch an Bhallstáit óstaigh;
- údaráis inniúla atá freagrach as údarú na hinstituíde creidmheasa agus as maoir-seacht uirthi;
- ráiteas maidir le rún na hinstituíde creidmheasa oibriú an bhrainse a fhoirc-eannadh i gcríoch an Bhallstáit óstaigh agus an dáta faoina mbeidh éifeacht leis an bhfoirceannadh;
- ainm agus sonraí teagmhála na ndaoine a bheidh freagrach as an bpróiseas chun oibriú an bhrainse a fhoirceannadh;
- sceideal measta don fhoirceannadh beartaithe;
- fainiséis faoin bpróiseas chun deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó le custaim-éiri brainse.]
- i gcás ina soláthraíonn an brainse gníomhaíocht N. 1 (taiscí agus cistí inaisíoctha eile a thógáil) faoi roinn 2.1.3 d'larscríbhinn I, ráiteas ón institiúid creidmheasa ina léirítear na bearta a rinneadh nó atá á ndéanamh lena airithíú nach gcoinn-eodh an brainse taiscí nó cistí inaisíoctha ón bpobal tríd an mbrainse tar éis oibriú an bhrainse sin a fhoirceannadh.

[Sonraí teagmhála]

## IARSCRÍBHINN V

**Foirm chun fógra pas seirbhísí a chur isteach****1. Sonraí teagmhála**

An cineál fógra	Fógra pas seirbhísí
An Ballstát óstach ina bhfuil sé beartaithe ag an institiúid a cuid gníomhaíochtaí a dhéanamh:	
Ainm agus cód tagartha náisiúnta na hinstituíde creidmheasa mar atá ar fáil i gclár na hinstituíde creidmheasa arna choimeád ag ÚBE:	
LEI na hinstituíde creidmheasa:	
Seoladh cheannoifig na hinstituíde creidmheasa:	
Ainm an teagmhálaí san institiúid creidmheasa:	
Uimhir theileafóin:	
Ríomhphost:	

2. Liosta de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2013/36/AE a dhéanfaidh an institiúid creidmheasa sa Bhallstát óstach mar aon le léiriú ar na gníomhaíochtaí a bheidh ina bpriomhghnó den institiúid creidmheasa sa Bhallstát óstach, lena n-áirítear an dáta tosaigh atá beartaithe do gach gníomhaíocht (chomh cruinn agus is féidir)

Uimh.	Gníomhaíocht	Gníomhaíochtaí a bhfuil sé beartaithe ag an institiúid creidmheasa iad a dhéanamh (le comhlánú le 'X')	Gníomhaíochtaí arb é a bheidh iontu an priomhghnó	Dáta tosaigh beartaithe do gach gníomhaíocht
1.	Taiscí agus cistí inaisíochta eile a ghlacadh			
2.	Lasachtú lena n-áirítear, <i>inter alia</i> : creidmheas tomholtóirí, comhaontuithe creidmheasa maidir le maoín dhochorraithe, fachtóireacht, bíodh iontaoibh i gceist nó ná bíodh, maoiniú idirbheart tráchtala (lena n-áirítear forghéilleadh);			
3.	Léasú airgeadais			
4.	Seirbhísí íocaíochta mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4, pointe (3) de Threoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (¹)			
4a	Seirbhísí lenar féidir airgead a chur i gcontas íocaíochta chomh maith leis na hoibríochtaí go léir atá ag teastáil chun contas íocaíochta a fheidhmiú			
4b	Seirbhísí lenar féidir aistarraingtí airgid a dhéanamh ó chuntas íocaíochta chomh maith leis na hoibríochtaí go léir atá ag teastáil chun contas íocaíochta a fheidhmiú			

4c	<p>Idirbhearta íocaíochta a fhorghníomhú, lena n-áirítear aistrithe cistí ar chuntas íocaíochta le soláthraí seirbhíse íocaíochta an úsáideora nó le soláthraí seirbhíse íocaíochta eile:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— dochair dhíreacha a fhorghníomhú, lena n-áirítear dochair dhíreacha aonuaire</li> <li>— idirbhearta íocaíochta a fhorghníomhú trí chárta íocaíochta nó trí ghléas dá shamhail</li> <li>— aistrithe creidmheasa a fhorghníomhú, lena n-áirítear buanorduithe</li> </ul>			
4d *	<p>Idirbhearta íocaíochta a fhorghníomhú i gcás ina gcumhdaítear na cistí faoi líne chreidmheasa d'úsáideoir seirbhíse íocaíochta:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— dochair dhíreacha a fhorghníomhú, lena n-áirítear dochair dhíreacha aonuaire</li> <li>— idirbhearta íocaíochta a fhorghníomhú trí chárta íocaíochta nó trí ghléas dá shamhail</li> <li>— aistrithe creidmheasa a fhorghníomhú, lena n-áirítear buanorduithe</li> </ul>			
4e **	<ul style="list-style-type: none"> <li>— Ionstraimí íocaíochta a eisiúint</li> <li>— Idirbhearta íocaíochta a fháil</li> </ul>			
4f	Seoltán airgid			
4g	Seirbhísí tionscanta íocaíochta			
4h	Seirbhísí faisnéise cuntas			
5.	modhanna eile íocaíochta a eisiúint agus a riart (e.g. seiceanna taistil agus dréachtaí baincéireachta) sa mhéid nach dtagann gníomhaíocht den sórt sin faoi phointe 4			
6.	Ráthaíochtaí agus gealltanais			
7.	Trádáil dilseánaigh nó trádáil do chuntas custaiméirí in aon cheann de na nithe seo a leanas:			
7a	<ul style="list-style-type: none"> <li>— ionstraimí margaidh airgid (e.g. seiceanna, billí, deimhnithe taisce)</li> </ul>			
7b	<ul style="list-style-type: none"> <li>— malairt eachtrach</li> </ul>			
7c	<ul style="list-style-type: none"> <li>— todhchaíochtaí agus roghanna airgeadais</li> </ul>			
7d	<ul style="list-style-type: none"> <li>— ionstraimí malairte agus ionstraimí rátaí úis</li> </ul>			
7e	<ul style="list-style-type: none"> <li>— urrúis inaistrithe</li> </ul>			
8.	Rannpháirtíocht i saincheisteanna urrús agus soláthar seirbhísí a bhaineann le saincheisteanna den sórt sin			
9.	Comhairle do ghnóthais maidir le struchtúr caipitil, straitéis thionscláioch agus ceisteanna gaolmhara agus comhairle mar aon le seirbhísí a bhaineann le cumaisc agus ceannach gnóthas			
10.	Bróicéireacht airgid			
11.	Bainistíocht punainne agus comhairle			
12.	Urrúis a chumhdach agus a riart			

13.	Seirbhísí teistiméireachta creidmheasa;			
14.	Seirbhísí slánchumhdaigh			
15.	Eisiúint airgid leictreonaigh			

(<sup>l</sup>) Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach (IO L 337, 23.12.2015, lch. 35).

\* An áirítear deonú creidmheasa i gcomhréir le hAirteagal 18(4) de Threoir (AE) 2015/2366 leis an ngníomhaíocht dá dtagraítear i bpointe 4d?

áirítear  ní áirítear

\*\* An áirítear deonú creidmheasa i gcomhréir le hAirteagal 18(4) de Threoir (AE) 2015/2366 leis an ngníomhaíocht dá dtagraítear i bpointe 4e?

áirítear  ní áirítear

3. **liosta na seirbhísí agus na ngníomhaíochtaí a bhfuil sé beartaithe ag an institiúid creidmheasa iad a dhéanamh sa Bhallstát baile, seirbhísí agus gníomhaíochtaí dá bhforáiltear i Roinn A agus Roinn B d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/65/AE, nuair a dhéantar tagairt do na hionstraimí airgeadais dá bhforáiltear i Roinn C den Iarscríbhinn sin**

Ionstraimí airgeadais	Seirbhísí agus gníomhaíochtaí infheistíocha								A9	Seirbhísí coimhdeacha						
	A 1	A 2	A 3	A 4	A 5	A 6	A 7	A 8		B 1	B 2	B 3	B 4	B 5	B 6	B 7
C1																
C2																
C3																
C4																
C5																
C6																
C7																
C8																
C9																
C10																
C11																

Nóta 1:

Tagairtí don roinn agus do na huimhreacha ítime in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/65/AE atá i gceannteidil rónna agus colún (e.g. Tagraíonn A1 do Roinn A, pointe 1, d'Iarscríbhinn I)

## IARSCRÍBHINN VI

**Foirm chun fógra pas seirbhísí a chur in iúl**

Údaráis inniúla an Bhallstát baile:

Ainm na roinne ábhartha:

Seoladh ríomhphoist ginearálta na roinne ábhartha (más ann dó);

Ainm an duine teagmhála:

Uimhir theileafóin:

Ríomhphost:

Seoladh údaráis inniúla an Bhallstát óstaigh:

[Dáta]

**Tagairt:**

**Fógra pas seirbhísí a chur in iúl**

Beidh an fhaisnéis seo a leanas sa chumarsáid:

- ainm agus cód tagartha náisiúnta na hinstituíde creidmheasa atá ar fáil i gclár na hinstituíde creidmheasa arna choimeád ag ÚBE;
- LEI na hinstituíde creidmheasa;
- údaráis inniúla atá freagrach as údarú na hinstituíde creidmheasa agus as maoir-seacht uirthi;
- ráiteas maidir le rún na hinstituíde creidmheasa gníomhaíochtaí a dhéanamh i gcríoch an Bhallstát óstaigh i bhfeidhmiú na saoirse chun seirbhísí a sholáthar.]

[Sonraí teagmhála]

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/194 ÓN gCOIMISIÚN  
an 10 Feabhra 2022**

**lena leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 maidir leis na hiontrálacha a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe ar liostaí tríú tíortha atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus d'éin ghéim a theacht isteach san Aontas**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ("Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe") (¹), agus go háirithe Airteagal 230(1) agus Airteagal 232(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I Rialachán (AE) 2016/429, ceanglaítear gur gá coinsíneachtaí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht ó thríú tir nó ó chríoch, nó ó chrios nó ó dheighleog de thríú tir nó de chríoch, a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 230(1) den Rialachán sin chun teacht isteach san Aontas.
Meán ( <sup>4</sup> )	... g/km	... l/100km nó m <sup>3</sup> /100km nó kg/100km ( <sup>4</sup> )	... Wh/km
Ard ( <sup>4</sup> )	... g/km	... l/100km nó m <sup>3</sup> /100km nó kg/100km ( <sup>4</sup> )	... Wh/km
Fíor-ard ( <sup>4</sup> )	... g/km	... l/100km nó m <sup>3</sup> /100km nó kg/100km ( <sup>4</sup> )	... Wh/km
Comhcheangail	... g/km	... l/100km nó m <sup>3</sup> /100km nó kg/100km ( <sup>4</sup> )	... Wh/km

2. Raon leictreach na bhfeithiclí iomlána leictreacha (más infheidhme)

Raon leictreach	... km
Cathair an raoin leictreach	... km

4. Feithicí leictreacha hibrideacha luchtaithe sheachtraigh (más infheidhme)

Luachanna WLTP	cothú luchtaithe		ídiú leictreach (EC) ( <sup>177</sup> )
	Astaíochtaí CO <sub>2</sub>	Ídiú breosla	
Íseal ( <sup>4</sup> )	... g/km	... l/100km nó m <sup>3</sup> /100km nó kg/100km ( <sup>4</sup> )	... Wh/km
Meán ( <sup>4</sup> )	... g/km	... l/100km nó m <sup>3</sup> /100km nó kg/100km ( <sup>4</sup> )	... Wh/km
Ard ( <sup>4</sup> )	... g/km	... l/100km nó m <sup>3</sup> /100km nó kg/100km ( <sup>4</sup> )	... Wh/km
Fíor-ard ( <sup>4</sup> )	... g/km	... l/100km nó m <sup>3</sup> /100km nó kg/100km ( <sup>4</sup> )	... Wh/km
Cathair ( <sup>4</sup> )			... Wh/km
Comhcheangailte ( <sup>4</sup> )	... g/km	... l/100km nó m <sup>3</sup> /100km nó kg/100km ( <sup>4</sup> )	... Wh/km

  

Luachanna WLTP	ídiú luchtaithe		ídiú leictreach (EC) ( <sup>178</sup> )
	Astaíochtaí CO <sub>2</sub>	Ídiú breosla	
Comhcheangailte ( <sup>4</sup> )	... g/km	... l/100km nó m <sup>3</sup> /100km nó kg/100km ( <sup>4</sup> )	

  

luachanna ualaithe, comhcheangailte ( <sup>4</sup> )	Astaíochtaí CO <sub>2</sub>	ídiú breosla	ídiú leictreach (EC <sub>AC</sub> ) ( <sup>178</sup> )
	... g/km	... l/100km nó m <sup>3</sup> /100km nó kg/100km ( <sup>4</sup> )	

5. Raon leictreach na bhfeithicí leictreacha hibrideacha OVC (más infheidhme)

Raon Uile-Leictreach Coibhéiseach (EAER)	...km
Cathair an Raoin Uile-Leictreach Coibhéisigh (cathair EAER)	...km
Raon Uile-Leictreach (AER)	...km
Cathair an Raoin Uile-Leictreach (cathair AER)	...km

(2) cuirtear na pointí seo a leanas isteach:

- “49. Astaíochtaí CO<sub>2</sub>/ídiú breosla/ídiú fuinnimh leictrigh (<sup>4</sup>)
- 49.1. Hais-chripteagrafaíocht de chomhad taifead an mhonaróra <sup>4</sup>) (<sup>119</sup>): ...
- 49.2. Feithicí tromshaothair astaíochtaí nialasacha: tá/níl (<sup>4</sup>) (<sup>72</sup>) (<sup>169</sup>)
- 49.3. Feithicil seirbhísé: (tá/níl) (<sup>4</sup>) (<sup>72</sup>) (<sup>170</sup>)
- 49.4. Hais-chripteagrafaíocht de chomhad faisnéise an chustaiméara: ... (<sup>4</sup>) (<sup>120</sup>) (<sup>170</sup>)
- 49.5.1. Astaíochtaí sonracha CO<sub>2</sub>: ... gCO<sub>2</sub>/pkm (<sup>4</sup>) (<sup>171</sup>)
- 49.6.1. Meánlíon paisinéirí (an líon daoine): ... (<sup>4</sup>) (<sup>172</sup>)
- 49.7. Foghrúpa/grúpa feithicle (<sup>4</sup>) (<sup>176</sup>): ...
- 49.8. Hais-chripteagrafaíocht de chomhad faisnéise an feithicle: (<sup>4</sup>) (<sup>180</sup>): ...;

(3) scriostar pointe 5.1 agus pointe 5.2;

(5) i gCuid 2 (catagóir feithicle M3), cuirtear isteach na pointí seo a leanas i ndiaidh phointe 48.1.:

- “49. Astaíochtaí CO<sub>2</sub>/ídiú breosla/ídiú fuinnimh leictrigh (<sup>4</sup>)
- 49.1. Hais-chripteagrafaíocht de chomhad taifead an mhonaróra <sup>4</sup>) (<sup>119</sup>): ...
- 49.2. Feithicí tromshaothair astaíochtaí nialasacha: tá/níl (<sup>4</sup>) (<sup>72</sup>) (<sup>169</sup>)
- 49.3. Feithicil seirbhísé: (tá/níl) (<sup>4</sup>) (<sup>72</sup>) (<sup>170</sup>)

49.4. Hais-chripteagrafaíocht de chomhad faisnéise an chustaiméara: ... (<sup>4</sup>) (<sup>120</sup>) (<sup>170</sup>)

49.5.1. Astaíochtaí sonracha CO<sub>2</sub>: ... gCO<sub>2</sub>/pkm (<sup>4</sup>) (<sup>171</sup>)

49.6.1. Meánlíon paisinéirí (an líon daoine): ... (<sup>4</sup>) (<sup>172</sup>)

49.7. Foghrúpa/grúpa feithicle (<sup>4</sup>) (<sup>176</sup>): ...

49.8. Hais-chripteagrafaíocht de chomhad faisnéise an feithicle: (<sup>4</sup>) (<sup>180</sup>): ...;

(6) leasaítear Cuid 2 (catagóir feithicle N<sub>1</sub>) mar a leanas:

(a) i bpointe 48, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú ró:

“1.2. Nós imeachta tástála: Cineál 1 (luachanna WLTP is airde) nó WHSC (EURO VI) (<sup>4</sup>)”;

(b) leasaítear pointe 49 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 1 agus 2:

“1. Na gléasraí cumhachta uile, seachas luchtú seachtrach (OVC) leictreach hibrideach (más infheidhme)

Luachanna WLTP	Astaíochtaí CO <sub>2</sub> ( <sup>4</sup> )	Ídiú breosla ( <sup>4</sup> )	Ídiú leictreach (EC) ( <sup>4</sup> )
Íseal ( <sup>4</sup> )	... g/km	... l/100km nó m <sup>3</sup> /100km nó kg/100km ( <sup>4</sup> )	... Wh/km
Meán ( <sup>4</sup> )	... g/km	... l/100km nó m <sup>3</sup> /100km nó kg/100km ( <sup>4</sup> )	... Wh/km
Ard ( <sup>4</sup> )	... g/km	... l/100km nó m <sup>3</sup> /100km nó kg/100km ( <sup>4</sup> )	... Wh/km
Fíor-ard ( <sup>4</sup> )	... g/km	... l/100km nó m <sup>3</sup> /100km nó kg/100km ( <sup>4</sup> )	... Wh/km
Comhcheangail	... g/km	... l/100km nó m <sup>3</sup> /100km nó kg/100km ( <sup>4</sup> )	... Wh/km

2. Raon leictreach na bhfeithicí iomlána leictreacha (más infheidhme)

Raon leictreach	... km
Cathair an raoin leictrigh	... km

(2) scriostar pointe 3.2.1.;

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 4 agus 5:

“4. Feithicí leictreacha hibrideacha luchtaithe sheachtraigh (más infheidhme)

Luachanna WLTP	cothú luchtaithe		Ídiú leictreach (EC) ( <sup>177</sup> )
	Astaíochtaí CO <sub>2</sub>	Ídiú breosla	
Íseal ( <sup>4</sup> )	... g/km	... l/100km nó m <sup>3</sup> /100km nó kg/100km ( <sup>4</sup> )	... Wh/km
Meán ( <sup>4</sup> )	... g/km	... l/100km nó m <sup>3</sup> /100km nó kg/100km ( <sup>4</sup> )	... Wh/km
Ard ( <sup>4</sup> )	... g/km	... l/100km nó m <sup>3</sup> /100km nó kg/100km ( <sup>4</sup> )	... Wh/km
Fíor-ard ( <sup>4</sup> )	... g/km	... l/100km nó m <sup>3</sup> /100km nó kg/100km ( <sup>4</sup> )	... Wh/km
Cathair ( <sup>4</sup> )			... Wh/km
Comhcheangailte ( <sup>4</sup> )	... g/km	... l/100km nó m <sup>3</sup> /100km nó kg/100km ( <sup>4</sup> )	... Wh/km
Luachanna WLTP	ídiú luchtaithe		
	Astaíochtaí CO <sub>2</sub>	Ídiú breosla	
Comhcheangailte ( <sup>4</sup> )	... g/km	... l/100km nó m <sup>3</sup> /100km nó kg/100km ( <sup>4</sup> )	
luachanna ualaithe, comhcheangailte ( <sup>4</sup> )	Astaíochtaí CO <sub>2</sub>	Ídiú breosla	Ídiú leictreach (EC <sub>AC</sub> ) ( <sup>178</sup> )
	... g/km	... l/100km nó m <sup>3</sup> /100km nó kg/100km ( <sup>4</sup> )	... Wh/km

5. Raon leictreach na bhfeithicí leictreacha hibrídeacha luchtaithe sheachtraigh (más infheidhme)

Raon Uile-Leictreach Coibhéiseach (EAER)	...km
Cathair an Raoin Uile-Leictrigh Coibhéisigh (cathair EAER)	...km
Raon Uile-Leictreach (AER)	...km
Cathair an Raoin Uile-Leictrigh (cathair AER)	...km”

(4) scriostar pointe 5.1 agus pointe 5.2;

- (7) leasaítear Cuid 2 (catagóir feithicle N<sub>2</sub>) mar a leanas:

(a) i bpointe 48, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú ró:

“1.2. Nós imeachta tástála: Cineál 1 (luachanna WLTP is airde) nó WHSC (EURO VI) (⁴);

(b) leasaítear pointe 49 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 1 go 5:

“1. Na gléasraí cumhachta uile, seachas luchtú seachtrach (OVC) leictreach hibrídeach (más infheidhme)

Luachanna WLTP	Astaíochtaí CO <sub>2</sub> (⁴)	Ídiú breosla (⁴)	Ídiú leictreach (EC) (⁴)
Íseal (⁴)	... g/km	... l/100km nó m <sup>3</sup> /100km nó kg/100km (⁴)	... Wh/km
Meán (⁴)	... g/km	... l/100km nó m <sup>3</sup> /100km nó kg/100km (⁴)	... Wh/km
Ard (⁴)	... g/km	... l/100km nó m <sup>3</sup> /100km nó kg/100km (⁴)	... Wh/km
Fíor-ard (⁴)	... g/km	... l/100km nó m <sup>3</sup> /100km nó kg/100km (⁴)	... Wh/km
Comhcheangail	... g/km	... l/100km nó m <sup>3</sup> /100km nó kg/100km (⁴)	... Wh/km

2. Raon leictreach na bhfeithicí iomlána leictreacha (más infheidhme)

Raon leictreach	... km
Cathair an raoin leictrigh	... km

4. Feithicí leictreacha hibrídeacha luchtaithe sheachtraigh (más infheidhme)

Luachanna WLTP	cothú luchtaithe		Ídiú leictreach (EC) ( <sup>177</sup> )
	Astaíochtaí CO <sub>2</sub>	Ídiú breosla	
Íseal (⁴)	... g/km	... l/100km nó m <sup>3</sup> /100km nó kg/100km (⁴)	... Wh/km
Meán (⁴)	... g/km	... l/100km nó m <sup>3</sup> /100km nó kg/100km (⁴)	... Wh/km
Ard (⁴)	... g/km	... l/100km nó m <sup>3</sup> /100km nó kg/100km (⁴)	... Wh/km
Fíor-ard (⁴)	... g/km	... l/100km nó m <sup>3</sup> /100km nó kg/100km (⁴)	... Wh/km
Cathair (⁴)			... Wh/km
Comhcheangailte (⁴)	... g/km	... l/100km nó m <sup>3</sup> /100km nó kg/100km (⁴)	... Wh/km
Luachanna WLTP	ídiú luchtaithe		
	Astaíochtaí CO <sub>2</sub>	Ídiú breosla	
Comhcheangailte (⁴)	... g/km	... l/100km nó m <sup>3</sup> /100km nó kg/100km (⁴)	
luachanna ualaithe, comhcheangailte (⁴)	Astaíochtaí CO <sub>2</sub>	Ídiú breosla	Ídiú leictreach (EC <sub>AC</sub> ) ( <sup>178</sup> )
	... g/km	... l/100km nó m <sup>3</sup> /100km nó kg/100km (⁴)	... Wh/km

5. Raon leictreach na bhfeithicí leictreacha hibrídeacha luchtaithe sheachtraigh (más infheidhme)

Raon Uile-Leictreach Coibhéiseach (EAER)	...km
Cathair an Raoin Uile-Leictrigh Coibhéisigh (cathair EAER)	...km
Raon Uile-Leictreach (AER)	...km
Cathair an Raoin Uile-Leictrigh (cathair AER)	...km;

(2) scriostar pointe 5.1 agus pointe 5.2.

---

## IARSCRÍBHINN II

ceartaítear Iarscríbhinní I, III, agus VIII mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn I, scriostar an nóta míniúcháin 110;

(2) in Iarscríbhinn I, "TEIMPLEÁD LE hAGHAIDH DOICIMÉAD FAISNÉISE MAIDIR LE CINEÁLCHEADÚ AE FEITHICLÍ, CÓRAS, COMHPHÁIRTEANNA NÓ AONAD TEICNIÚIL AR LEITHLIGH", cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 0.2.2.1:

"0.2.2.1. Luachanna Paraiméadar Ceadaithe le haghaidh cineálcheadú ilchéimneach chun luachanna astaíochta bonnfheithile a úsáid (cuir isteach an raon nuair is infheidhme) (!):

Mais iarbhír na Feithicle Deiridh: ...

Uasmhais ualaithe is incheadaithe go teicniúil le haghaidh na Feithicle Deiridh (in kg): ...

Limistéir tosaigh le haghaidh na feithicle deiridh (in cm<sup>2</sup>): ...

Friotaíocht rollta (kg/t): ...

Achar trasghearrtha an bhealaigh isteach don aer ar an ngreill tosaigh (in cm<sup>2</sup>): ...";

(3) ceartaítear Iarscríbhinn III mar a leanas:

(a) i Roinn 1 de Shamhail D, ceartaítear pointe 0.10 mar seo a leanas:

(1) cuirtear "nóta míniúcháin 108" in ionad "nóta míniúcháin 107":

(2) cuirtear "nóta míniúcháin 109" in ionad 'nóta míniúcháin 108':

(b) ceartaítear Foscríbhinn 1 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 37 de chatagóir M<sub>2</sub>:

"37. Brú i líne fotha an chórais coscánaithe leantóra: ... kPa"

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 37 de chatagóir M<sub>3</sub>:

"37. Brú i líne fotha an chórais coscánaithe leantóra: ... kPa"

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 37 de chatagóir N<sub>2</sub>:

"37. Brú i líne fotha an chórais coscánaithe leantóra: ... kPa"

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 37 de chatagóir N<sub>3</sub>:

"37. Brú i líne fotha an chórais coscánaithe leantóra: ... kPa"

(5) ceartaítear catagóirí O1/O2 mar a leanas:

— cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 30.2:

"30.2. Rian gach acastóra eile: ... mm.";

— cuirtear pointe 33 isteach.

"33. Acastóir (nó acastóiri) tiomána a bhfuil aerchrochadh nó a choibhéis feistithe air (orthu): tá/níl <sup>(4)</sup>";

(6) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 34 de chatagóir O3/O4:

"33. Acastóir (nó acastóiri) tiomána a bhfuil aerchrochadh nó a choibhéis feistithe air (orthu): tá/níl <sup>(4)</sup>";

(7) i bpointe 48 de chatagóir M1, scriostar na tagairtí do nótaí míniúcháin <sup>(162), (163)</sup> agus <sup>(164)</sup>;

(8) i bpointe 48 de chatagóir M2, scriostar na tagairtí do nótaí míniúcháin <sup>(162), (163)</sup> agus <sup>(164)</sup>;

(9) i bpointe 48 de chatagóir M3, scriostar na tagairtí do nótaí míniúcháin <sup>(162), (163)</sup> agus <sup>(164)</sup>;

(10) i bpointe 48 de chatagóir N1, scriostar na tagairtí do nótaí míniúcháin <sup>(162), (163)</sup> agus <sup>(164)</sup>;

(11) i bpointe 48 de chatagóir N2, scriostar na tagairtí do nótaí míniúcháin <sup>(162), (163)</sup> agus <sup>(164)</sup>;

(12) i bpointe 48 de chatagóir N3, scriostar na tagairtí do nótaí míniúcháin <sup>(162), (163)</sup> agus <sup>(164)</sup>;

(4) in Iarscríbhinn VIII, ceartaítear an Fhoscríbhinn mar a leanas:

(a) ceartaítear Cuid I (Feithicí iomlána agus lánchríochnaithe) mar a leanas:

(1) i gCuid 2 (catagóir feithicle M1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 47.1.3.2:

“47.1.3.2. f2, N/(km/h)<sup>2</sup>: ...”;

(2) ceartaítear Cuid 2 (catagóir feithicle M2) mar a leanas:

— i bpointe 28.1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda réamhráití roimh an tábla:

“Cóimheasa giarbhoscanna (le líonadh isteach le haghaidh feithicí a bhfuil traiseoladh láimh acu)<sup>(1)</sup>;”

— cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 47.1.3.2:

“47.1.3.2. f2, N/(km/h)<sup>2</sup>: ...”;

(3) i bpointe 48 de Chuid 2 (catagóir feithicle M3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú ró:

“1.2. nós imeachta tástála WHSC (EURO VI);”

(4) i gCuid 2 (catagóir feithicle N1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 47.1.3.2:

“47.1.3.2. f2, N/(km/h)<sup>2</sup>: ...”;

(5) ceartaítear Cuid 2 (catagóir feithicle N<sub>2</sub>) mar a leanas:

— cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 47.1.3.2:

“47.1.3.2. f2, N/(km/h)<sup>2</sup>: ...”;

— i bpointe 49, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda réamhráití:

“Astaíochtaí CO<sub>2</sub>/ídiú breosla/ídiú fuinnimh leictrigh<sup>(162)(169)(1)</sup>;”

(6) ceartaítear Cuid 2 (catagóir feithicle N<sub>3</sub>) mar a leanas:

— cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 49:

“49. Astaíochtaí CO<sub>2</sub>/ídiú breosla/ídiú fuinnimh leictrigh<sup>(169):</sup>”

(7) i gCuid 2 (catagóirí feithicle O1 agus O2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 34:

“33. Acastóir (nó acastóirí) tiomána a bhfuil aerchrochadh nó a choibhéis feistithe air (orthu): tá/níl<sup>(4)</sup>;”

(8) i gCuid 2 (catagóirí feithicle O3 agus O4), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 34:

“33. Acastóir (nó acastóirí) tiomána a bhfuil aerchrochadh nó a choibhéis feistithe air (orthu): tá/níl<sup>(4)</sup>;”

(b) leasaítear Cuid II (Feithicí neamhionmlána) mar a leanas:

(1) ceartaítear Cuid 2 (catagóir feithicle M1) mar a leanas:

— i bpointe 28.1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda réamhráití roimh an tábla:

“Cóimheasa giarbhoscanna (le líonadh isteach le haghaidh feithicí a bhfuil traiseoladh láimh acu)<sup>(1)</sup>;”

— cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 47.1.3.2:

“47.1.3.2. f2, N/(km/h)<sup>2</sup>: ...”;

(2) ceartaítear Cuid 2 (catagóir feithicle M2) mar a leanas:

— cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 4:

“4. Rothfhad<sup>(157):</sup> ... mm”;

— cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 47.1.3.2:

“47.1.3.2. f2, N/(km/h)<sup>2</sup>: ...”;

— i bpointe 48, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú ró:

“1.2. nós imeachta tástála Cineál 1 (luachanna WLTP is airde) nó WHSC (EURO VI)<sup>(4):</sup>”

- (3) i gCuid 2 (catagóir feithicle M3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 4:  
“4. Rothfhad <sup>(157)</sup>: ... mm’;
- (4) i gCuid 2 (catagóir feithicle N1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 47.1.3.2:  
“47.1.3.2. f2, N/(km/h)<sup>2</sup>: ...”;
- (5) ceartaítear Cuid 2 (catagóir feithicle N2) mar a leanas:  
— cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 47.1.3.2 de Chuid 2 (catagóir feithicle N<sub>1</sub>):  
“47.1.3.2. f2, N/(km/h)<sup>2</sup>: ...”.  
— cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 49:  
‘49. Astaíochtaí CO<sub>2</sub>/ídiú breosla/ídiú fuinnimh leictrigh <sup>(162)(169)(1)</sup>;’;
- (6) i gCuid 2 (catagóir feithicle N3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 49:  
‘49. Astaíochtaí CO<sub>2</sub>/ídiú breosla/ídiú fuinnimh leictrigh <sup>(169)</sup>;’;
- (7) i gCuid 2 (catagóirí feithicle O1 agus O2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 34:  
‘33. Acastóir (nó acastóirí) tiomána a bhfuil aerchrochadh nó a choibhéis feistithe air (orthu): tá/níl <sup>(4)</sup>;’;
- (8) i gCuid 2 (catagóirí feithicle O3 agus O4), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 34:  
‘33. Acastóir (nó acastóirí) tiomána a bhfuil aerchrochadh nó a choibhéis feistithe air (orthu): tá/níl <sup>(4)</sup>.’

## RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/196 ÓN gCOIMISIÚN

an 11 Feabhra 2022

**lena n-údaraítear leathnú úsáide agus athrú sonraíochtaí i leith giosta aráin (*Saccharomyces cerevisiae*) cóireálte le UV mar bhia núiosach faoi Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le bianna núiosacha, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1852/2001 ón gCoimisiún <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 12 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Is éard a fhoraítear le Rialachán (AE) 2015/2283 nach bhféadfar ach bianna núiosacha atá údaraithe agus atá curtha ar liosta an Aontais a chur ar an margadh laistigh den Aontas.
- (2) De bhun Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2015/2283, bunaíodh liosta Aontais de bhianna núiosacha le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún <sup>(2)</sup>.
- (3) Áirítear giosta aráin (*Saccharomyces cerevisiae*) cóireálte le UV mar bhia núiosach údaraithe i liosta an Aontais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470.
- (4) Is éard a údaraíodh le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/396/AE <sup>(3)</sup>, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(4)</sup> agus tar éis na tuairime ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia <sup>(5)</sup>, giosta aráin (*Saccharomyces cerevisiae*) cóireálte le UV a chur ar an margadh mar bhia núiosach lena úsáid i mbianna áirithe, lena n-áirítear aráin agus rollaí a laimhínítear le giosta agus earraí míne bácalá a laimhínítear le giosta, agus i bhforbhianna chomh maith mar a shainmhínítear i dTreoir 2002/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(6)</sup>.
- (5) Is éard a údaraíodh le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1018 ón gCoimisiún <sup>(7)</sup> i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/2283, leathnú úsáide agus leathnú leibhéal úsáide an bhia núíosaigh giosta aráin (*Saccharomyces cerevisiae*) cóireálte le UV. Go háirithe, leathnaíodh úsáid giosta aráin (*Saccharomyces cerevisiae*) cóireálte le UV chun catagóirí bia eile a chumhdach, eadhon giosta úr réamhphacálte nó giosta tirim réamhphacálte le haghaidh bácaíl bhaile agus forbhianna gan léiriú ar na huasleibhéal ceadaithe, agus leasaíodh an cion vitímín D<sub>2</sub> sa dlúthán giosta.

<sup>(1)</sup> IO L 327, 11.12.2015, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2017 lena mbunaítear liosta an Aontais de bhianna núiosacha i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bianna núiosacha (IO L 351, 30.12.2017, lch. 72).

<sup>(3)</sup> Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/396/AE ón gCoimisiún an 24 Meitheamh 2014 lena n-údaraítear giosta aráin (*Saccharomyces cerevisiae*) cóireálte le UV a chur ar an margadh mar chomhbáthar bia núiosach faoi Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 186, 26.6.2014, lch. 108).

<sup>(4)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Eanáir 1997 maidir le bianna núiosacha agus comhbáthar núiosacha bia (IO L 43, 14.2.1997, lch. 1).

<sup>(5)</sup> Scientific Opinion on the safety of vitamin D-enriched UV-treated baker's yeast ("Tuairim eolaíoch maidir le sábháilteacht giosta aráin cóireálte le UV agus saibhirthe le vitímín D"], EFSA Journal [Iris EFSA] 2014; 12(1):3520.

<sup>(6)</sup> Treoir 2002/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Meitheamh 2002 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le forbhianna (IO L 183, 12.7.2002, lch. 51).

<sup>(7)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1018 ón gCoimisiún an 18 Iúil 2018 lena n-údaraítear leathnú úsáide i leith giosta aráin (*Saccharomyces cerevisiae*) cóireálte le UV mar bhia núiosach faoi Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún (IO L 183, 19.7.2018, lch. 9).

- (6) An 15 Bealtaine 2020 chuir an chuideachta Lallemand Bio-Ingredients Division ("an t-iarratasóir") iarratas faoi bhráid an Choimisiúin de bhun Airteagal 10(1) de Rialachán (AE) 2015/2283 ar leathnú úsáide i leith an bhia núiosach giosta aráin (*Saccharomyces cerevisiae*) cóireálite le UV. D'íarr an t-iarratasóir úsáid giosta aráin (*Saccharomyces cerevisiae*) cóireálite le UV a leathnú chun roinnt bianna eile atá ceaptha le caitheamh ag an bpobal i gcoitinne a chumhdach. Ina theannta sin d'iarr an t-iarratasóir go n-úsáidfí an bia núiosach i mbianna atá ceaptha do naónáin agus do leanáí óga.
- (7) I gcomhréir le hAirteagal 10(3) de Rialachán (AE) 2015/2283, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") an 20 Iúil 2020, agus d'iarr an Coimisiún ar an Údarás tuairim eolaíoch a sholáthar maidir leis an leathnú úsáide i leith giosta aráin (*Saccharomyces cerevisiae*) cóireálite le UV mar bhia núiosach.
- (8) An 28 Aibreán 2021, ghlac an tÚdarás a thuairim eolaíoch *Safety of extended uses of UV-treated baker's yeast as a novel food pursuant to Regulation (EU) 2015/2283* ("Sábháilteacht úsáidí leathnaithe giosta aráin cóireálite le UV mar bhia núiosach de bhun Rialachán (AE) 2015/2283"]<sup>(8)</sup>. Tá an tuairim eolaíoch sin i gcomhréir le ceanglais Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2015/2283.
- (9) Sa tuairim uaidh, chinn an tÚdarás go bhfuil giosta aráin (*Saccharomyces cerevisiae*) cóireálite le UV sábhalte faoi na coinníollacha úsáide atá beartaithe. Dá bhrí sin, is leor na forais sa tuairim ón Údarás chun a shuí go gcomhlíonann giosta aráin (*Saccharomyces cerevisiae*) cóireálite le UV, faoi na coinníollacha úsáide sonracha, na coinníollacha maidir lena chur ar an margadh i gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialachán (AE) 2015/2283.
- (10) I gcomhréir le Treoir 2006/125/CE ón gCoimisiún<sup>(9)</sup>, ní chuirfear vitimín D le bianna do naónáin. Mar gheall ar a chion vitimín D<sub>2</sub>, níor cheart giosta aráin (*Saccharomyces cerevisiae*) cóireálite le UV a tídarú lena úsáid i mbianna do naónáin. Thairis sin, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>(10)</sup>, ní fhéadfar vitimíní a chur le tárgi bia neamhphróiseáilte. Dá bhrí sin, níor cheart giosta aráin (*Saccharomyces cerevisiae*) cóireálite le UV a údarú in amfaibiaigh, i reiptíl, i seilidí, i bhfeithidí, in algaí, in orgánaigh phrócarótaigh, ná i bhfungais, i gcaonaigh ná i léicin i ndáil leis an úsáid atá beartaithe.
- (11) I gcomhréir le tuairim an Údarás, is gá an giosta aráin (*Saccharomyces cerevisiae*) cóireálite le UV a dhígniomhú sula n-úsáidtear é i mbainne foirmle do naónáin nó i mbainne foirmle leantach, i mbia gránachbhunaithe próiseáilte nó i mbianna chun críoch speisialta míochaine mar a shainítéar le Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>(11)</sup>, agus dá bhrí sin is iomchuí sonraíochtaí an bhia núiosaigh a leasú.
- (12) Is leor na forais a sholáthraítear san iarratas agus sa tuairim ón Údarás chun a shuí go gcomhlíonann na hathruithe a dhéantar ar shonraíochtaí agus ar choinníollacha úsáide an bhia núiosaigh na coinníollacha maidir lena chur ar an margadh i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (AE) 2015/2283.
- (13) Dá bhrí sin, is ceart an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 a leasú dá réir.
- (14) Na bearta dá bhforáltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuánchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

<sup>(8)</sup> EFSA Journal [Iris EFSA] 2021;19(6):6602.

<sup>(9)</sup> Treoir 2006/125/CE ón gCoimisiún an 5 Nollaig 2006 maidir le bianna gránachbhunaithe próiseáilte agus bianna do naónáin agus do leanaí óga (Leagan códaithe) (IO L 339, 6.12.2006, lch. 16).

<sup>(10)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir le vitimíní agus mianráí agus substaintí áirithe eile a chur le bia (IO L 404, 30.12.2006, lch. 26).

<sup>(11)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir le bia a cheaptar lena úsáid mar bhia do naónáin agus do leanaí óga, maidir le bia chun críocha speisialta míochaine, agus maidir le hionadach ar an aiste bia ionlán chun meáchan a rialú agus lena n-aisghairtear Treoir 92/52/CEE ón gComhairle, Treoracha 96/8/CE, 1999/21/CE, 2006/125/CE, agus 2006/141/CE ón gCoimisiún, Treoir 2009/39/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 41/2009 agus (CE) Uimh. 953/2009 ón gCoimisiún (IO L 181, 29.6.2013, lch. 35).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GLACADH:

*Airteagal 1*

1. An iontráil i liosta an Aontais de bhianna núiosacha údaraithe san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470, is é sin an iontráil ina dtagraítear don bhia núiosach giosta aráin (*Saccharomyces cerevisiae*) cóireálte le UV, leasaítear í de réir mar a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.
2. Áireofar san iontráil i liosta an Aontais dá dtagraítear i mír 1 na coinníollacha úsáide agus na ceanglais lipéadaithe a leagtar síos san Iarscríbhinn.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 11 Feabhra 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin  
An tUachtarán  
Ursula VON DER LEYEN*

---

## IARSCRÍBHINN

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 mar a leanas:

- (1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála le haghaidh "giosta aráin (*Saccharomyces cerevisiae*) cóireáilte le UV" i dTábla 1 (Bianna núiosacha údaraithe):

Bia núiosach údaraithe	Coinníollacha faoina bhféadfar an bia núiosach a úsáid	Ceanglais shonracha bhereise maidir le lipéadú	Ceanglais eile	Cosaint sonráí
<b>"Giosta aráin (<i>Saccharomyces cerevisiae</i>) cóireáilte le UV"</b>	Catagóir bia shonraithe	Uasleibhéil vitimín D <sub>2</sub>	Maidir leis an mbia núiosach a ainmniú ar lipéadú na n-earraí bia ina bhfuil sé, is é 'giosta vitimín D' nó 'giosta vitimín D <sub>2</sub> ' an t-ainmniú a bheidh air	
	Aráin agus rolláí a laimhínítear le giosta	5 µg/100 g		
	Earraí míne bácaíla a laimhínítear le giosta	5 µg/100 g		
	Forbhianna mar a shainmhínítear i dTreoir 2002/46/CE	I gcomhréir le Treoir 2002/46/CE		
	Giosta úr réamhphacálte nó giosta tirim réamhphacálte le haghaidh bácaíl bhaile	45 µg/100 g i gcás giosta úr 200 µg/100 g i gcás giosta triomaithe	1. Maidir leis an mbia núiosach a ainmniú ar lipéadú na n-earraí bia, is é 'giosta vitimín D' nó 'giosta vitimín D <sub>2</sub> ' an t-ainmniú a bheidh air. 2. Beidh ráiteas ar lipéadú an bhia núiosaigh ina sonrófar go bhfuil an táirge bia ceaptha lena úsáid i mbácaíl amháin, agus nár cheart é a ithe agus é amh. 3. Beidh treoracha úsáide ar lipéadú an bhia núiosaigh le haghaidh na dtomholtóirí deiridh ionas nach sárófar uastiúchan 5 µg/100 g vitimín D <sub>2</sub> sna táirgí críochmaithe agus iad bácaílte sa bhaile.	
	Miasa, lena n-áirítear béisí 'réidh le hithe' (seachas anraithí agus sailéid)	3 µg/100 g		
	Anraithí agus sailéid	5 µg/100 g		
	Táirgí gránachbhunaithe, táirgí siolbhunaithe nó táirgí fréamhbbhunaithe, iad friochta nó easbhrúite	5 µg/100 g		

Bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leanntach mar a shainmhínítear le Rialachán (AE) Uimh. 609/2013	I gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 609/2013		
Bia gránachbhunaithe próiseáilte mar a shainmhínítear le Rialachán (AE) Uimh. 609/2013	I gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 609/2013		
Tárgí torthaí próiseáilte	1,5 µg/100 g		
Glasraí próiseáilte	2 µg/100 g		
Arán agus tárgí comhchosúla	5 µg/100 g		
Gránaigh bhricfeasta	4 µg/100 g		
Pasta, taos agus tárgí comhchosúla	5 µg/100 g		
Tárgí gránachbhunaithe eile	3 µg/100 g		
Spíosraí, blastanais, tarsainn, comhbáhair anlann, anlainn/barrlíonta milseog	10 µg/100 g		
Tárgí próitéine	10 µg/100 g		
Cáis	2 µg/100 g		
Milseoga déiríochta agus tárgí comhchosúla	2 µg/100 g		
Bainne coipthe nó uachtar coipthe	1,5 µg/100 g		
Púdair déiríochta agus dlútháin déiríochta	25 µg/100 g		
Tárgí bainnebhunaithe, meadhg agus uachtar	0,5 µg/100 g		

Ionadaigh feola agus déiríochta	2,5 µg/100 g		
Ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú mar a shainítéar i Rialúchán (AE) Uimh. 609/2013	5 µg/100 g		
Ionadaigh ar bhéilí chun meáchan a rialú	5 µg/100 g		
Bianna chun críoch speisialta míochaine mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013	I gcomhréir le ceanglais chothaitheacha shonracha na ndaoine a bhfuil na táirgí ceaptha dóibh		

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála le haghaidh 'giosta aráin (*Saccharomyces cerevisiae*) cóireáilte le UV' i dTábla 2 (Sonraíochtaí):

Bia Núiosach Údaraithe	Sonraíochtaí
<b>'Giosta aráin (<i>Saccharomyces cerevisiae</i>) cóireáilte le UV'</b>	<p><b>Tuairisc/Sainmhíniú</b>  Cóireáiltear giosta aráin (<i>Saccharomyces cerevisiae</i>) le solas ultraivialait chun tiantú eirgistéaróil go vitimín D<sub>2</sub> (eargacailciféaról) a ionductú. Bíonn cion vitimín D<sub>2</sub> sa dlúthán giosta idir 800 000 agus 3 500 000 aonad idirnáisiúnta vitimín D/100 g (200-875 µg/g).  Díghníomhófar an giosta sula n-úsáidtear é i mbainne foirmle do naónáin agus bainne foirmle leantach nó i mbianna chun críoch speisialta míochaine mar a shainítéar le Rialachán (AE) Uimh. 609/2013, agus feadfar an giosta a dhíghníomhú nó gan é a dhíghníomhú lena úsáid i mbianna eile.  Cumastar an dlúthán giosta le gnáthgiosta aráin ionas nach sárófar an t-uasleibhéal sa ghiosta úr réamhphacáilte nó sa ghiosta tirim réamhphacáilte le haghaidh bácaíl bhaile.  Gráinní cróna, i saorshreabhadh.</p> <p><b>Vitimín D<sub>2</sub></b>  Ainm ceimiceach: (5Z,7E,22E)-(3S)-9,10-seiceargasta-5,7,10(19),22-teitrean-3-ól  Comhchíallach: Eargacailciféaról  Uimh. CAS: 50-14-6  An meáchan mhóilíneach: 396,65 g/mol</p> <p><b>Critéir mhicribhitheolaíocha maidir leis an dlúthán giosta</b>  Baictéir dhrólannacha: ≤ 10<sup>3</sup>/g  <i>Escherichia coli</i>: ≤ 10/g  <i>Salmonella</i>: Gan bheith ann in 25 g'</p>

# CINNTÍ

## CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/197 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Eanáir 2022

### lena leagtar síos marcóir coiteann fioscach le haghaidh gás-olaí agus ceirisín

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 74)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 95/60/CE ón gComhairle an 27 Samhain 1995 maidir le marcáil fioscach gás-olaí agus ceirisín<sup>(1)</sup> agus go háirithe Airteagal 2(2) di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le haghaidh fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh, agus go háirithe chun an imghabháil cánach a chosc, déantar foráil le Treoir 95/60/CE maidir le córas coiteann marcála chun gás-olaí a thagann faoin gcód 2710 00 69 den Ainmníocht Chomhcheangailte (AC), agus ceirisín, a thagann faoin gcód AC 2710 00 55, a shainaithint, tárgí fuinnimh a scaoiltear saor lena dtomhailt agus atá díolmhaithe ó dhleacht mháil, nó atá faoi réir ráta laghdaithe dleachta máil. Roinneadh Cód AC 2710 00 69 ina chód AC 2710 19 43, 2710 19 46, 2710 19 47, 2710 19 48, 2710 20 11, 2710 20 16 agus 2710 20 19, chun an méid sulfair sa ghás-olaí a chur san áireamh agus chun a chur san áireamh go bhfuil bithdhíosal i ngás-olaí, agus trasúfodh cód AC 2710 00 55 mar chód AC 2710 19 25<sup>(2)</sup>.
- (2) Le Cinneadh Cur Feidhme (AE) 2017/74<sup>(3)</sup> ón gComhairle, deimhníodh an táirge a shainaithnítar leis an ainm eolaíoch N-eitil-N-[2-(1-iséabútocsatocs)eitil]-4-(feiniolasai)anailín (Solvent Yellow 124), táirge a leagadh síos le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2011/544/AE ón gCoimisiún<sup>(4)</sup>, deimhníodh mar an marcóir coiteann fioscach é dá bhforáiltear i dTreoir 95/60/CE, chun gás-olaí agus ceirisín a mharcáil, gás-olaí agus ceirisín nár gearradh dleacht orthu ag an ráta ionmán is infsheidhme maidir le tárgí fuinnimh den sórt sin a úsáidtear mar thiomántán.
- (3) Le hAirteagal 2 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/74, ceanglaítear go n-athbhreithneofar an Cinneadh Cur Chun Feidhme sin faoin 31 Nollaig 2021 ar a dhéanaí, i bhfianaise na bhforbairt teicniúla i réimse na gcóras marcála agus i bhfianaise gur gá gníomhú in aghaidh úsáid chalaoiseach tárgí fuinnimh a dhíolmaítear ó dhleacht mháil nó atá faoi réir ráta laghdaithe dleachta máil.
- (4) Mar chuid den phróiseas athbhreithnithe, sheol an Coimisiún glao ar léiriú spéise in 2015 chun tárgí a thíolacadh a bheadh oiriúnach lena n-úsáid mar mharcóir fioscach i ngás-olaí agus i gceirisín<sup>(5)</sup>. D'fhéach an Coimisiún le substaint mharcála a shainaithint a fleidhmíonn níos fearr ná an tsubstaint atá in úsáid faoi láthair maidir le tarac critéar réamhshainithe. Maidir leis na marcóirí is iarrthóirí uile, d'iarr an Coimisiún an praghas uasta diola le haghaidh na marcóirí agus a modhanna innéacsaithe bhliantúil ar na soláthróirí agus fuair an Coimisiún ó na soláthróirí iad.
- (5) Rinneadh imscrídú grinn ar na marcóirí is iarrthóirí a mhol na soláthróirí ón taobh teicniúil de le cúnamh ón Airmheán Comhpháirteach Taighde chun a n-athléimneacht maidir leis na teicnící bainte neamhdhleathaí is coitianta a sheiceáil. Leis an analís<sup>(6)</sup>, sainainniodh an táirge ar a bhfuil an t-ainm tráchtála ACCUTRACE™ PLUS ina bhfuil bútocsabeinséin mar an marcóir is fearr.

<sup>(1)</sup> IO L 291, 6.12.1995, lch. 46.

<sup>(2)</sup> Is éard a bheidh i gcóid na hAinmníochta Comhcheangailte na cóid i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1577 ón gCoimisiún an 21 Meán Fómhair 2020 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle maidir leis an ainmníocht tarafa agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 361, 30.10.2020, lch. 1).

<sup>(3)</sup> Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/74 ón gCoimisiún an 25 Samhain 2016 lena mbunaítear marcóir coiteann fioscach le haghaidh gás-olaí agus ceirisín (IO L 10, 14.1.2017, lch. 7).

<sup>(4)</sup> Cinneadh Cur Chun Feidhme 2011/544/AE ón gCoimisiún an 16 Meán Fómhair 2011 lena mbunaítear marcóir coiteann fioscach le haghaidh gás-olaí agus ceirisín (IO L 241, 17.9.2011, lch. 31).

<sup>(5)</sup> IO C 299, 11.9.2015, lch. 28.

<sup>(6)</sup> <https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/handle/JRC107206>

- (6) In athbhreithniú ar Threoir 95/60/CE in 2019 (7), deimhníodh le meastóireacht an Choimisiúin a úsáidí atá rialacha coiteanna maidir le breoslaí atá faoi réir rátaí laghdaithe dleachta mál a mharcáil ach sainaithníodh laigí Solvent Yellow 124 i dtéarmaí a easpa athléimneachta i leith modhanna coitianta bainte. Deimhníodh leis an meastóireacht gur gá marcóir níos láidre nach féidir a bhaint a chur in ionad Solvent Yellow 124.
- (7) Chomhthacaigh an Mheitheal um Chomhar Custaim de chuid na Comhairle (8) leis na torthaí sin, Meitheal a fuair amach go raibh truailliú tromchúiseach comhshaoil ann mar thoradh ar an sciúradh breosla mar gheall ar an úsáid a bhaintear as ceimiceáin amhail aigéad sulfarach, aigéad clórach agus ithir tuartha agus mar gheall ar dhumpáil neamhdhleathach dramhtháirgí agus ola draoibe faoin tuath, ar thailte talmhaíochta nó ar bhóithre poioblí.
- (8) Dá bhrí sin, ba cheart ACCUTRACE™ PLUS a leagan síos mar an marcóir coiteann fioscach in ionad Solvent Yellow 124 de réir bhrí Threoir 95/60/CE faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach sa Treoir sin. Ba cheart an leibhéal marcála a shocrú ag raon comhchuibhithe chun an cur chun feidhme agus rialú na comhlíontachta ar fud an Aontais a éascú.
- (9) Ar mhaithle le cur chun feidhme réidh an mharcóra nua agus chun go mbeidh na Ballstáit in ann stoic atá acu den mharcóir reatha Solvent Yellow 124 a úsáid, ba cheart idirthréimhse 24 mhí a cheadú. Le linn na hidirthréimhse sin, ba cheart a cheadú do na Ballstáit Solvent Yellow 124 nó ACCUTRACE™ PLUS a úsáid mar an marcóir coiteann fioscach de réir bhrí Threoir 95/60/CE.
- (10) D'ainneoin ACCUTRACE™ PLUS a bheith faoi chumhdach paitinne san Aontas, ba cheart infhaighteacht air a dhaingniú, i gcás inarb iomchuí, trí chomhaontuithe ceadúnúcháin.
- (11) Leis an gCinneadh seo, ní scaoiltear aon ghnóthas óna oibleagáidí faoi Airteagal 102 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.
- (12) Na deiseanna a bheidh ann mar thoradh ar fhorbairtí a dhéanfar amach anseo san eolaíocht, ba cheart na deiseanna sin a chur san áireamh trí theorainn ama a shocrú maidir leis an gCinneadh seo a athbhreithniú.
- (13) Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an gCinneadh seo tráth ar bith roimh an teorainn ama sin má fhaightear amach go bhfuil imghabháil cánach ann mar thoradh ar ACCUTRACE™ PLUS a úsáid nó má fhaightear amach gurb é is cionsiocair le damáiste don tsláinte nó don chomhshaol.
- (14) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/74 a aisghairm.
- (15) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir le tuairim an Choiste um Dhleacht Mháil,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An marcóir coiteann fioscach dá bhforáiltear i dTreoir 95/60/CE, chun marcáil a dhéanamh ar na gás-olaí uile a thagann faoi na cóid AC 2710 19 43, 2710 19 46, 2710 19 47, 2710 19 48, 2710 20 11, 2710 20 16 agus 2710 20 19 agus ar cheirisín a thagann faoin gcód AC 2710 19 25, is é ACCUTRACE™ PLUS a bheidh sa mharcóir sin, mar a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Socróidh na Ballstáit leibhéal marcála 12,5 milleagram de ACCUTRACE™ PLUS in aghaidh an lítrí ar a laghad agus leibhéal nach mó ná 18,75 milleagram in aghaidh lítear táirge fuinnimh. Comhfhireagraíonn sin do leibhéal marcála 9,5 milleagram de bhútocsabeinséin in aghaidh an lítrí ar a laghad agus leibhéal nach mó ná 14,25 milleagram de bhútocsabeinséin in aghaidh lítear táirge fuinnimh.

(7) [https://ec.europa.eu/taxation\\_customs/sites/taxation/files/fiscal-marking-report-2019.pdf](https://ec.europa.eu/taxation_customs/sites/taxation/files/fiscal-marking-report-2019.pdf)

(8) <https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-6595-2020-INIT/en/pdf>  
féach an tuarascáil deiridh a glacadh i leith Ghníomhaíochta 9.1.2.1 - 'Smuggling and illegal handling of mineral oils: Laundering (the removal of fiscal marker)' ["Olaí mianracha a smugleáil agus a láimhseáil go neamhdhleathach: sciúradh (an marcóir fioscach a bhaint)"].

*Airteagal 2*

Féadfaidh na Ballstáit Solvent Yellow 124 nó ACCUTRACET™ PLUS a úsáid mar an marcóir coiteann fioscach de réir bhrí Threoir 95/60/CE le linn idirthréimhse a dtiocfaidh deireadh léi an 18 Eanáir 2024. Má úsáideann na Ballstáit Solvent Yellow 124 mar an marcóir coiteann fioscach san idirthréimhse sin, socróidh siad leibhéal marcála 6 mg ar a laghad agus leibhéal nach mó ná 9 mg de Solvent Yellow 124 in aghaidh lítear táirge fuinnimh.

*Airteagal 3*

Athbhreithneofar an Cinneadh seo faoin 31 Nollaig 2028 ar a dhéanaí, agus cuirfear san áireamh na forbairtí teicniúla i réimse na gcóras marcála agus gur gá gníomhú in aghaidh úsáid chalaoiseach táirgí fuinnimh a dhíolmaítear ó dhleacht mháil nó atá faoi réir ráta laghdaithe dleachta mál.

Déanfar an t-athbhreithniú níos luaithe má fhaightear amach go bhfuil imghabháil cánach ann mar thoradh ar ACCUTRACE™ PLUS a úsáid nó má fhaightear amach gurb é is cionsiocair le damáiste don tsláinte nó don chomhshaol.

*Airteagal 4*

Aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/74.

*Airteagal 5*

Is chuig na Ballstáit a dhíritear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 17 Eanáir 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*

Paolo GENTILONI

*Comhalta den Choimisiún*

## IARSCRÍBHINN

1. Ainm tráchtála: ACCUTRACE™ PLUS
  2. Sainaithint de réir an Innéacs Dathanna: Gan dath
  3. Ainm eolaíoch: *Bútocsáibeinséin* (Uimhir Chláraithe na Seirbhise Achoimreachtaí Ceimiceán 1126-79-0)
-

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/198 ÓN gCOIMISIÚN**

an 9 Feabhra 2022

**lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe**

*(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022)890)*

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaímint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') (¹), agus go háirithe Airteagal 259(1), pointe (c) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Is galar víreasach tógálach é an fliú éanúil ardphataigineach (HPAI) in éin agus d'fhéadfadh sé tionchar tromchúiseach a bheith aige ar bhrabúsacht na feirmeoireachta éanlaithe clóis, rud a chuirfeadh isteach ar thrádáil laistigh den Aontas agus ar onnmhairí chuig tríú tíortha. Is féidir le víris HPAI éin imirceacha a ionfhabhtú, rud a fhágann gur féidir leo na víris seo a leathadh thar achair fhada le linn a n-imircí san fhómhar agus san earrach. Dá bhri sin, is bagairt leanúnach é víris HPAI a bheith in éin fhiáine maidir le tabhairt isteach na víreas sin go díreach agus go hindíreach i ngabháltais ina gcoinnítear éanlaith chlóis nó éin faoi chuing. I gcás ráig de HPAI, tá baol ann go bhféadfaidh an t-oibreán galair leathadh go gabháltais eile ina gcoimeádtar éanlaith chlóis nó éin faoi chuing.
- (2) Le Rialachán (AE) 2016/429 bunaítear creat reachtach nua chun galair a chosc agus a rialú, ar galair iad atá in-tarchurtha chuig ainmhithe nó chuig daoine. Tagann HPAI faoin sainmhíniú ar ghalar liostaithe sa Rialachán sin, agus tá sé faoi réir na rialacha coisctheacha agus rialaite galar a leagtar síos ann. Ina theannta sin, le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 (²) ón gCoimisiún, déantar forlónadh ar Rialachán (AE) 2016/429 a mhéid a bhaineann leis na rialacha maidir le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú, lena n-áirítear bearta rialaite galar le haghaidh HPAI.
- (3) Glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641 (³) ón gCoimisiún faoi chuimsiú Rialachán (AE) 2016/429 agus leagtar síos leis bearta rialaite galar i ndáil le ráigeanna HPAI.
- (4) Go háirithe, foráiltear le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641 go gcuimseoidh na criossanna cosanta agus faireachais arna mbunú ag na Ballstáit tar éis ráigeanna HPAI, i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, ar a laghad na limistéir a liostaítear mar chriossanna cosanta agus faireachais san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin.
- (5) Leasaíodh an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641 le déanaí le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/145 (⁴) ón gCoimisiún i ndiaidh ráigeanna HPAI in éanlaith chlóis nó in éin faoi chuing sa Bhulgáir, sa Fhrainc, sa Ghearmáin, sa tSeicí, san Iodáil, san Ísiltír, agus sa Pholainn, rud ba ghá a léiriú san Iarscríbhinn sin.

(¹) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

(²) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaímint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le rialacha i dtaca le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú (IO L 174, 3.6.2020, lch. 64).

(³) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641 ón gCoimisiún an 16 Aibreán 2021 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L 134, 20.4.2021, lch. 166).

(⁴) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/145 ón gCoimisiún an Dé Luain 31 Eanáir 2022 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L 24, 3.2.2022, lch. 6)

- (6) Ón dáta a glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/145, tá an Bhulgáir, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Spáinn, an Ungáir, an Ísiltír, an Pholainn agus an Phortaingéil tar éis fógra a thabhairt don Choimisiún faoi ráigeanna breise de HPAI d'fhochineál H5N1 i mbunaíochtaí inar coimeádadh éanlaith chlóis nó éin faoi chuing, atá lonnaithe laistigh nó lasmuigh de na limistéir a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin.
- (7) Rinne údarás inniúla na Bulgáire, na Fraince, na Gearmáine, na Spáinne, na hÍsiltíre, na Polainne, na Portaingéile agus na hUngáire na bearta rialaithe galar is gá i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, lena n-áirítear bunú criosanna cosanta agus faireachais timpeall ar na ráigeanna sin.
- (8) Tá scrúdú déanta ag an gCoimisiún ar na bearta rialaithe galar a ghlac an Bhulgáir, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Spáinn, an Ísiltír, an Pholainn agus an Phortaingéil agus an Ungáir i gcomhar leis na Ballstát sin agus tá sé sásta go bhfuil teorainneacha na criosanna cosanta agus faireachais sa Bhulgáir, sa Fhrainc, sa Ghearmáin, san Iodáil, san Ísiltír, sa Pholainn agus sa tSeicia arna mbunú ag údarás inniúla na mBallstát sin, go bhfuil siad fada go leor ó na bunaíochtaí inar deimhníodh na ráigeanna HPAI le déanaí.
- (9) Chun aon suaitheadh nach bhfuil gá leis ar thrádáil laistigh den Aontas a chosc agus chun nach bhforchuirfidh tríú tíortha bacáinní gan údar ar thrádáil, is gá tuairisc a thabhairt go mear ar leibhéal an Aontais, i gcomhar leis an mBulgáir, leis an bhFrainc, leis an nGearmáin, leis an Spáinn, leis an Ísiltír, leis an bPolainn, leis an bPortaingéil, agus leis an Ungáir ar na criosanna cosanta agus faireachais arna mbunú ag na Ballstát sin i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687.
- (10) Dá bhrí sin, na limistéir a liostaítear le haghaidh na Bulgáire, na Fraince, na Gearmáine, na Spáinne, na hÍsiltíre, na Polainne, na Portaingéile agus na hUngáire san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641, ba cheart iad a leasú.
- (11) Dá réir sin, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641 a leasú chun réigiúnú a thabhairt cothrom le dáta ar leibhéal an Aontais chun aird a thabhairt ar na criosanna cosanta agus faireachais arna mbunú go cúí ag an mBulgáir, ag an bhFrainc, ag an nGearmáin, ag an Spáinn, ag an Ísiltír, ag an bPolainn, ag an bPortaingéil agus ag an Ungáir, i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, agus ré na mbeart is infheidhme ann.
- (12) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641 ón gComhairle a leasú dá réir sin.
- (13) I bhfianaise phráinn na staide eipidéimeolaíche san Aontas maidir le leathadh HPAI, tá sé tábhachtach go dtiocfaidh na leasuithe atá le déanamh ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641 leis an gCinneadh seo i bhfeidhm a luaithe is féidir.
- (14) Na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandáí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

#### Airteagal 1

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641.

#### Airteagal 2

Is chuig na Ballstát a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 9 Feabhra 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin  
Stella KYRIAKIDES  
Comhalta den Choimisiún*

## IARSCRÍBHINN

## "IARSCRÍBHINN

**Cuid A**

Criosanna cosanta sna Ballstáit\* lena mbaineann dá dtagraítear in Airteagail 1 agus 2:

**Ballstát: an Bhulgáir**

